Miondealaítear Speansais Taistil agus cruinnithe a íocadh leis an gCathaoirleach agus le Comhaltaí na Comhairle mar seo a leanas:


| | 2011 (€) | 2010 (€) |
|---|---|---|
| Speansais Taistil | 5,237 | 3,844 |
| Speansais Cruinnithe | 1,056 | 3,794 |
| | **6,293** | **7,638** |

**14 Faomhadh na Ráitis Airgeadais**


D'fhaomhaigh An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais na Ráitis Airgeadais ar an 8 Meitheamh 2012.

49

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011



# Cuid a Sé



Cuid a Sé

## Cuid a Sé
Staidéir ar Chásanna

### Staidéar ar Chás 1: Íocaíochtaí Míchumais faoi Chosaint Ioncaim (Seasamh Leis)

Bhí Sochar Míchumais á fháil ag an nGearánaí ón gCuideachta. Fuair an Gearánaí suim chúiteach ón mBinse Achomhairc Fostaíochta (EAT). Laghdaigh an Chuideachta an sochar míosúil iníoctha leis an nGearánaí de réir téarmaí an pholasaí.

Rinneadh iarracht an sochar iníoctha le sealbhóir an pholasaí a laghdú sa Chlásal ábhartha trí, inter alia, "íocaíochtaí ar cheann acu cóibhéis bhliantúil aon dámhachtana a rinneadh leis an duine árachaithe ag Cúirt Dlí nó Binse Eadrána nó cnapshuim socraithe a fuair an Duine Árachaithe i leith cailliúint ioncaim ó aon ghníomh a bhaineann leis an Míchumas" a asbhaint.

Ba í an tsaincheist a bhí le deimhniú sa gcás seo arbh ionann an dámhachtain a rinne an EAT i bhfabhar an Ghearánaí agus "dámhachtain a rinneadh ... ag Binse Eadrána... maidir le cailliúint ioncaim ó aon ghníomh a bhaineann le Míchumas". Thug an Gearánaí cás dífhostú inchiallaithe i gcoinne a fostóra chuig EAT. D'áitigh an Gearánaí nár bhain an dámhachtain le míchumas agus mar sin nach raibh an Chuideachta i gceart nuair a laghdaigh siad a híocaíocht mhíchumais faoin bPolasaí.

Bhreithnigh an tOmbudsman Téarmaí an pholasaí agus forálacha an Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977. Bhí an tOmbudsman sásta go raibh Cinneadh an Bhinse bunaithe ar na tosca a thug ar an nGearánaí imeacht as a fostaíocht, is é sin "tréigean nósanna imeachta córa" agus nach raibh sé bunaithe ar aon mheas ar mhíchumas an Ghearánaí nó a mhalairt.

Chinn an tOmbudsman dá réir sin nach raibh aon fhianaise tugtha ar aird a threiseodh an t-áiteamh go raibh aon bhaint ag an dámhachtain a rinne EAT le míchumas mar atá riachtanach faoin bpolasaí d'fhonn sochar míchumais a íoctar le sealbhóir polasaí a laghdú.

Chinn an tOmbudsman nach bhféadfaí an íocaíocht a rinne EAT leis an nGearánaí a chomhionnanú le "... aon dámhachtain a rinne Cúirt Dlí nó Binse Eadrána leis an Duine Árachaithe nó aon chnapshuim socraithe nó íocaíocht ex gratia a fuair an duine árachaithe maidir le cailliúint ioncaim mar gheall ar aon ghníomh a bhain le Míchumas" agus dá réir sin nach bhféadfadh an Chuideachta an dámhachtain seo a úsáid leis an Sochar Míchumais a bhí iníoctha leis an nGearánaí a laghdú.

### Staidéar ar Chás 2: Éileamh trombhreoiteachta (Níor Seasamh Leis)

Bhí siad mór faighte le diagnóis ag an nGearánaí agus chuaigh sé faoi scian. Bhain an gearán le cinneadh an tSoláthróra éileamh trombhreoiteachta a rinne an Gearánaí dá éis a dhiúltú ar an mbonn go raibh an siad neamhurchóideach agus nach raibh sé ailseach, agus nach raibh sé clúdaithe ag an bpolasaí dá bharr sin. Ina áit sin, rinne an Soláthróir íocaíocht 10% ar an mbonn gur shásaigh an t-éileamh an sainmhíniú le haghaidh gnáthamh máinliach ar an gcorda dromlaigh.

Rinne an Gearánaí agóid in aghaidh mheasúnú an tSoláthróra ar a héileamh. D'áitigh sí go mb'fhéidir nach raibh a siad ailseach ach go raibh sé tromchúiseach agus gur bagairt dá beatha é, agus gur choinnigh sé ón obair í ar feadh tréimhse sé mhí.





Cuid a Sé
Staidéir ar Chásanna

Staidéar ar Chás 1: Íocaíochtaí Míchumais faoi Chosaint Ioncaim (Seasamh Leis)

Bhí Sochar Míchumais á fháil ag an nGearánaí ón gCuideachta. Fuair an Gearánaí suim chúiteach ón mBinse Achomhairc Fostaíochta (EAT). Laghdaigh an Chuideachta an sochar míosúil iníoctha leis an nGearánaí de réir téarmaí an pholasaí.

Rinneadh iarracht an sochar iníoctha le sealbhóir an pholasaí a laghdú sa Chlásal ábhartha trí, inter alia, "íocaíochtaí ar cheann acu cóibhéis bhliantúil aon dámhachtana a rinneadh leis an duine árachaithe ag Cúirt Dlí nó Binse Eadrána nó cnapshuim socraithe a fuair an Duine Árachaithe i leith cailliúint ioncaim ó aon ghníomh a bhaineann leis an Míchumas" a asbhaint.

Ba í an tsaincheist a bhí le deimhniú sa gcás seo arbh ionann an dámhachtain a rinne an EAT i bhfabhar an Ghearánaí agus "dámhachtain a rinneadh ... ag Binse Eadrána... maidir le cailliúint ioncaim ó aon ghníomh a bhaineann le Míchumas". Thug an Gearánaí cás dífhostú inchiallaithe i gcoinne a fostóra chuig EAT. D'áitigh an Gearánaí nár bhain an dámhachtain le míchumas agus mar sin nach raibh an Chuideachta i gceart nuair a laghdaigh siad a híocaíocht mhíchumais faoin bPolasaí.

Bhreithnigh an tOmbudsman Téarmaí an pholasaí agus forálacha an Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977. Bhí an tOmbudsman sásta go raibh Cinneadh an Bhinse bunaithe ar na tosca a thug ar an nGearánaí imeacht as a fostaíocht, is é sin "tréigean nósanna imeachta córa" agus nach raibh sé bunaithe ar aon mheas ar mhíchumas an Ghearánaí nó a mhalairt.

Chinn an tOmbudsman dá réir sin nach raibh aon fhianaise tugtha ar aird a threiseodh an t-áiteamh go raibh aon bhaint ag an dámhachtain a rinne EAT le míchumas mar atá riachtanach faoin bpolasaí d'fhonn sochar míchumais a íoctar le sealbhóir polasaí a laghdú.

Chinn an tOmbudsman nach bhféadfaí an íocaíocht a rinne EAT leis an nGearánaí a chomhionnanú le "... aon dámhachtain a rinne Cúirt Dlí nó Binse Eadrána leis an Duine Árachaithe nó aon chnapshuim socraithe nó íocaíocht ex gratia a fuair an duine árachaithe maidir le cailliúint ioncaim mar gheall ar aon ghníomh a bhain le Míchumas" agus dá réir sin nach bhféadfadh an Chuideachta an dámhachtain seo a úsáid leis an Sochar Míchumais a bhí iníoctha leis an nGearánaí a laghdú.

Staidéar ar Chás 2: Éileamh trombhreoiteachta (Níor Seasamh Leis)

Bhí siad mór faighte le diagnóis ag an nGearánaí agus chuaigh sé faoi scian. Bhain an gearán le cinneadh an tSoláthróra éileamh trombhreoiteachta a rinne an Gearánaí dá éis a dhiúltú ar an mbonn go raibh an siad neamhurchóideach agus nach raibh sé ailseach, agus nach raibh sé clúdaithe ag an bpolasaí dá bharr sin. Ina áit sin, rinne an Soláthróir íocaíocht 10% ar an mbonn gur shásaigh an t-éileamh an sainmhíniú le haghaidh gnáthamh máinliach ar an gcorda dromlaigh.

Rinne an Gearánaí agóid in aghaidh mheasúnú an tSoláthróra ar a héileamh. D'áitigh sí go mb'fhéidir nach raibh a siad ailseach ach go raibh sé tromchúiseach agus gur bagairt dá beatha é, agus gur choinnigh sé ón obair í ar feadh tréimhse sé mhí.

51

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

Scrúdaigh an tOmbudsman téarmaí agus coinníollacha pholasaí an Ghearánaí agus bhí sé sásta go raibh na sochair leagtha amach go sonrach sna téarmaí agus coinníollacha seo. Thit éileamh an Ghearánaí faoi mheasúnú faoi chlásal a deir gur ionann Sochar "agus cnapshuim a íoc leat má dhéantar diagnóis go bhfuil ceann de na riochtanna míochaine sonraithe ag an mbeatha árachaithe nó go dtéann sé faoi cheann de na hobráidí sonraithe mar atá liostaithe ....".

Tugadh faoi deara go raibh Ailse áirithe i liosta na riochtanna míochaine a bhí clúdaithe agus go raibh an téarma "ailse" sainmhínithe mar seo a a leanas ag (iii):

> *Ailse, siad docharach le fás agus scaipeadh neamhshrianta ar mar thréith agus agus ionradh ar fhíochán. Áirítear leoicéime agus galar Hodgkin ach eisiatar ailsí neamhionracha in situ, siada i láthair VEID nó ailse craicinn seachas meileanóma docharach.*

Scrúdaigh an tOmbudsman an fhianaise a chuir an dá pháirtí i láthair agus chinn sí nach raibh sé i ndiospóid go raibh an siad a baineadh as cnámh droma neamhurchóideach, is é sin nach raibh sé docharach.

Luaigh sé go raibh dualgas ar an Soláthróir íocaíocht sochair a dhéanamh leis an nGearánaí faoin bpolasaí de réir téarmaí agus coinníollacha an pholasaí amháin. I dtosca an cháis, bunaithe ar an bhfianaise leighis a cuireadh faoi bhráid, níor shásaigh siad an Ghearánaí an sainmhíniú ar ailse a bhí sonraithe ag polasaí an Ghearánaí agus dá réir sin ní raibh dualgas ar an Soláthróir íocaíocht de mhéid iomlán an tSochair a dhéanamh leis an nGearánaí.

Luaigh an tOmbudsman go raibh íocaíocht cheart suime ionann le 10% den Sochar Clúdaigh Beo déanta ar an mbonn go ndearnadh obráid máinliach ar a corda dromlaigh, de réir na ranna ábhartha.

## Staidéar ar Chás 3: Trombhreoiteacht – saincheisteanna faoi láimhseáil éileamh (Seasamh Leis)

Bhí an Gearánaí, a raibh polasaí Míchumas Timpiste aige leis an gCuideachta i dtimpiste feirme ar an 25 Deireadh Fómhair 2009 nuair a bhris sé féimear. Bhí an Gearánaí san ospidéal ar feadh 24 lá.

Chuir an Gearánaí éileamh chuig an gCuideachta, a d'íoc suime €2,000 ar 1 Feabhra 2010. Bhí an íocaíocht seo cothrom le sochar 57 lá, go dtí 22 Nollaig 2009. Dúirt an Gearánaí gur dhúirt an Chuideachta i litir gur íocaíocht eatramhach a bhí san íocaíochta, agus bhí foirm éilimh leanúnach faoi iamh leis an litir.

Chomhlánaigh an Gearánaí an fhoirm éilimh leanúnach agus chuir ar ais chuig an gCuideachta í, d'admhaigh an Chuideachta go bhfuarthas an fhoirm ar 27 Márta 2010. Scríobh an Chuideachta ansin chuig an nGearánaí ar 8 Aibreán 2010 ag rá go ndiúltófaí aon éileamh eile mar go raibh uasmhéid an tsochair íoctha.

Rinne an Gearánaí achomharc faoin gcinneadh, ag cur isteach nóta óna dhochtúir a léirigh go raibh sé fós faoi mhíchumas agus ag úsáid maidí croise. Dúirt an Gearánaí gur thaispeáin a Achoimre Sochar gur cheart dó a bheith clúdaithe ar feadh 6 mhí ag lánsochar agus 1 mí ag leathshochar.

D'admhaigh an Chuideachta go ndearna siad moill ar dtús maidir leis an éileamh a scrúdú agus thairg siad €100 don Ghearánaí mar chomhartha deathola. Dhearbhaigh an Chuideachta a gcinneadh gan leanúint leis an éileamh ina litir dheireanach freagartha.

Ag freagairt don Oifig seo áfach, chuir an Chuideachta in iúl gur chóir dóibh soiléireacht a lorg ó ionadaithe leighis an Ghearánaí seachas a iarraidh ar an nGearánaí a mhíchumas



Scrúdaigh an tOmbudsman téarmaí agus coinníollacha pholasaí an Ghearánaí agus bhí sé sásta go raibh na sochair leagtha amach go sonrach sna téarmaí agus coinníollacha seo. Thit éileamh an Ghearánaí faoi mheasúnú faoi chlásal a deir gur ionann Sochar "agus cnapshuim a íoc leat má dhéantar diagnóis go bhfuil ceann de na riochtanna míochaine sonraithe ag an mbeatha árachaithe nó go dtéann sé faoi cheann de na hobráidí sonraithe mar atá liostaithe ....".

Tugadh faoi deara go raibh Ailse áirithe i liosta na riochtanna míochaine a bhí clúdaithe agus go raibh an téarma "ailse" sainmhínithe mar seo a a leanas ag (iii):

> *Ailse, siad docharach le fás agus scaipeadh neamhshrianta ar mar thréith agus agus ionradh ar fhíochán. Áirítear leoicéime agus galar Hodgkin ach eisiatar ailsí neamhionracha in situ, siada i láthair VEID nó ailse craicinn seachas meileanóma docharach.*

Scrúdaigh an tOmbudsman an fhianaise a chuir an dá pháirtí i láthair agus chinn sí nach raibh sé i ndiospóid go raibh an siad a baineadh as cnámh droma neamhurchóideach, is é sin nach raibh sé docharach.

Luaigh sé go raibh dualgas ar an Soláthróir íocaíocht sochair a dhéanamh leis an nGearánaí faoin bpolasaí de réir téarmaí agus coinníollacha an pholasaí amháin. I dtosca an cháis, bunaithe ar an bhfianaise leighis a cuireadh faoi bhráid, níor shásaigh siad an Ghearánaí an sainmhíniú ar ailse a bhí sonraithe ag polasaí an Ghearánaí agus dá réir sin ní raibh dualgas ar an Soláthróir íocaíocht de mhéid iomlán an tSochair a dhéanamh leis an nGearánaí.

Luaigh an tOmbudsman go raibh íocaíocht cheart suime ionann le 10% den Sochar Clúdaigh Beo déanta ar an mbonn go ndearnadh obráid máinliach ar a corda dromlaigh, de réir na ranna ábhartha.

Staidéar ar Chás 3: Trombhreoiteacht – saincheisteanna faoi láimhseáil éileamh (Seasamh Leis)

Bhí an Gearánaí, a raibh polasaí Míchumas Timpiste aige leis an gCuideachta i dtimpiste feirme ar an 25 Deireadh Fómhair 2009 nuair a bhris sé féimear. Bhí an Gearánaí san ospidéal ar feadh 24 lá.

Chuir an Gearánaí éileamh chuig an gCuideachta, a d'íoc suime €2,000 ar 1 Feabhra 2010. Bhí an íocaíocht seo cothrom le sochar 57 lá, go dtí 22 Nollaig 2009. Dúirt an Gearánaí gur dhúirt an Chuideachta i litir gur íocaíocht eatramhach a bhí san íocaíochta, agus bhí foirm éilimh leanúnach faoi iamh leis an litir.

Chomhlánaigh an Gearánaí an fhoirm éilimh leanúnach agus chuir ar ais chuig an gCuideachta í, d'admhaigh an Chuideachta go bhfuarthas an fhoirm ar 27 Márta 2010. Scríobh an Chuideachta ansin chuig an nGearánaí ar 8 Aibreán 2010 ag rá go ndiúltófaí aon éileamh eile mar go raibh uasmhéid an tsochair íoctha.

Rinne an Gearánaí achomharc faoin gcinneadh, ag cur isteach nóta óna dhochtúir a léirigh go raibh sé fós faoi mhíchumas agus ag úsáid maidí croise. Dúirt an Gearánaí gur thaispeáin a Achoimre Sochar gur cheart dó a bheith clúdaithe ar feadh 6 mhí ag lánsochar agus 1 mí ag leathshochar.

D'admhaigh an Chuideachta go ndearna siad moill ar dtús maidir leis an éileamh a scrúdú agus thairg siad €100 don Ghearánaí mar chomhartha deathola. Dhearbhaigh an Chuideachta a gcinneadh gan leanúint leis an éileamh ina litir dheireanach freagartha.

Ag freagairt don Oifig seo áfach, chuir an Chuideachta in iúl gur chóir dóibh soiléireacht a lorg ó ionadaithe leighis an Ghearánaí seachas a iarraidh ar an nGearánaí a mhíchumas

52

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

breise a chruthú. D'aithin an Chuideachta gur cheart sochar breise de €4,664.40 a íoc leis an nGearánaí, agus thairg siad sochar breise eile de €4,664.40 móide €500 i ndeathoil. Dúirt an Chuideachta go ndéanfaí an íocaíocht seo leis an nGearánaí laistigh de 14 lá.

Le linn bhreithiúnú an ghearáin, d'éirigh sé soiléir nach raibh an íocaíocht seo déanta ag an gCuideachta leis an nGearánaí. Bhí 18 mí ann ó rinneadh an t-éileamh ar dtús leis an gCuideachta. Seasamh leis an ngearán nach raibh an ceart ag an gCuideachta aon íocaíocht sochair breise a dhiúltú.

Ordaíodh don Chuideachta an chuid eile den sochar de €4,664.40 a íoc leis an nGearánaí agus íocaíocht ex-gratia de €1,000 mar íocaíocht scoir.

## Staidéar ar Chás 4: Diúltú aon pholasaí a sholáthar (Níos Seasadh Leis)

Ba é an gearán sa chás seo gur dhiúltaigh an Chuideachta go héagórach polasaí Clúdach Cosanta Ioncaim don Ghearánaí.

Ag céim an iarratais rinne an Chuideachta agallamh teileafóin leis an nGearánaí inar nochtaigh sé a stair leighis don Chuideachta de réir na riachtanas le haghaidh iarratais den chineál seo. Ina dhiaidh sin d'iarr an Chuideachta sonraí leighis ó dhochtúir teaghlaigh an Ghearánaí. De bhonn na faisnéise a bhí ar fáil, agus tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Leighis, dhiúltaigh an Chuideachta clúdach a thairiscint agus dheimhnigh siad an seasamh seo don Ghearánaí.

Cé gur luaigh an Gearánaí gné amháin dá shláinte mar bhac ar an gCuideachta clúdach a thairicint, bhí an tOmbudsman sásta nárbh é an tinneas an t-aon ghné dá shláinte a bhí mar chúis ag an gCuideachta an t-iarratas a ghlacadh. Ina litir diúltú clúdaigh bhí a sheasamh curtha ar fáil ag an gCuideachta do dhochtúir teaghlaigh an Ghearánaí.

Ar an bhfianaise a cuireadh faoi bhráid, chinn an tOmbudsman go ndearna an Chuideachta próiseáil chóir réasúnta ar Iarratas an Ghearánaí. Rinne an Gearánaí nochtadh iomlán ar a stair leighis agus nuair a bhí an fhaisnéis seo acu scrúdaigh an Chuideachta gach bealach le clúdach a sholáthar – lena n-áirítear tuairim a lorg ó athárachasóir maidir leis an iarratas. Le haird ar na riochtanna leighis go léir a bhí nochta ag an nGearánaí, bhí an tOmbudsman sásta nárbh fhéidir leis an gCuideachta clúdach a thairiscint. D'aontaigh an Chuideachta áfach go ndéanfaí athbhreithniú ar an ábhar i gceann 5 bliana.

Bíonn gnóthaí frithghealllta agus rátála faoi dhiscréid tráchtála na Cuideachta go ginearálta. Baineann gnóthaí frithghealllta agus rátála le cinneadh a dhéanann cuideachta árachais faoi ghlacadh le tairiscint árachais, agus sa chás sin, méid na préimhe agus na téarmaí agus na coinníollacha a bheadh i bhfeidhm.

Mar nach raibh aon fhianaise ann go raibh aon rud mícheart déanta ag an gCuideachta, níor seasamh leis an nGearán.

## Staidéar ar Chás 5: Leanúnachas Ioncaim (Níor Seasamh Leis)

Bhain an gearán sa chás seo le héileamh faoin bPlean Leanúnachas Ioncaim. Dar leis an nGearán bhí measúnú míchruinn déanta ag an gCuideachta ar an éileamh agus bhí íocaíocht sochair faoin bpolasaí á coinneáil siar go mícheart.

Ba í an cheist a bhí fiosrú agus le breithniú ar shásaigh an Gearánaí na critéir pholasaí le haghaidh sochar a íoc don tréimhse a thosaigh ag deireadh na tréimhse ábhartha iarchurtha faoin bpolasaí, go dtí an dáta ar fhill an Gearánaí ar an obair. Bhí an sainmhíniú seo a leanas ar Thréimhse Míchumais ag an bPolasaí



breise a chruthú. D'aithin an Chuideachta gur cheart sochar breise de €4,664.40 a íoc leis an nGearánaí, agus thairg siad sochar breise eile de €4,664.40 móide €500 i ndeathoil. Dúirt an Chuideachta go ndéanfaí an íocaíocht seo leis an nGearánaí laistigh de 14 lá.

Le linn bhreithiúnú an ghearáin, d'éirigh sé soiléir nach raibh an íocaíocht seo déanta ag an gCuideachta leis an nGearánaí. Bhí 18 mí ann ó rinneadh an t-éileamh ar dtús leis an gCuideachta. Seasamh leis an ngearán nach raibh an ceart ag an gCuideachta aon íocaíocht sochair breise a dhiúltú.

Ordaíodh don Chuideachta an chuid eile den sochar de €4,664.40 a íoc leis an nGearánaí agus íocaíocht ex-gratia de €1,000 mar íocaíocht scoir.

Staidéar ar Chás 4: Diúltú aon pholasaí a sholáthar (Níos Seasadh Leis)

Ba é an gearán sa chás seo gur dhiúltaigh an Chuideachta go héagórach polasaí Clúdach Cosanta Ioncaim don Ghearánaí.

Ag céim an iarratais rinne an Chuideachta agallamh teileafóin leis an nGearánaí inar nochtaigh sé a stair leighis don Chuideachta de réir na riachtanas le haghaidh iarratais den chineál seo. Ina dhiaidh sin d'iarr an Chuideachta sonraí leighis ó dhochtúir teaghlaigh an Ghearánaí. De bhonn na faisnéise a bhí ar fáil, agus tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Leighis, dhiúltaigh an Chuideachta clúdach a thairiscint agus dheimhnigh siad an seasamh seo don Ghearánaí.

Cé gur luaigh an Gearánaí gné amháin dá shláinte mar bhac ar an gCuideachta clúdach a thairicint, bhí an tOmbudsman sásta nárbh é an tinneas an t-aon ghné dá shláinte a bhí mar chúis ag an gCuideachta an t-iarratas a ghlacadh. Ina litir diúltú clúdaigh bhí a sheasamh curtha ar fáil ag an gCuideachta do dhochtúir teaghlaigh an Ghearánaí.

Ar an bhfianaise a cuireadh faoi bhráid, chinn an tOmbudsman go ndearna an Chuideachta próiseáil chóir réasúnta ar Iarratas an Ghearánaí. Rinne an Gearánaí nochtadh iomlán ar a stair leighis agus nuair a bhí an fhaisnéis seo acu scrúdaigh an Chuideachta gach bealach le clúdach a sholáthar – lena n-áirítear tuairim a lorg ó athárachasóir maidir leis an iarratas. Le haird ar na riochtanna leighis go léir a bhí nochta ag an nGearánaí, bhí an tOmbudsman sásta nárbh fhéidir leis an gCuideachta clúdach a thairiscint. D'aontaigh an Chuideachta áfach go ndéanfaí athbhreithniú ar an ábhar i gceann 5 bliana.

Bíonn gnóthaí frithghealllta agus rátála faoi dhiscréid tráchtála na Cuideachta go ginearálta. Baineann gnóthaí frithghealllta agus rátála le cinneadh a dhéanann cuideachta árachais faoi ghlacadh le tairiscint árachais, agus sa chás sin, méid na préimhe agus na téarmaí agus na coinníollacha a bheadh i bhfeidhm.

Mar nach raibh aon fhianaise ann go raibh aon rud mícheart déanta ag an gCuideachta, níor seasamh leis an nGearán.

Staidéar ar Chás 5: Leanúnachas Ioncaim (Níor Seasamh Leis)

Bhain an gearán sa chás seo le héileamh faoin bPlean Leanúnachas Ioncaim. Dar leis an nGearán bhí measúnú míchruinn déanta ag an gCuideachta ar an éileamh agus bhí íocaíocht sochair faoin bpolasaí á coinneáil siar go mícheart.

Ba í an cheist a bhí fiosrú agus le breithniú ar shásaigh an Gearánaí na critéir pholasaí le haghaidh sochar a íoc don tréimhse a thosaigh ag deireadh na tréimhse ábhartha iarchurtha faoin bpolasaí, go dtí an dáta ar fhill an Gearánaí ar an obair. Bhí an sainmhíniú seo a leanas ar Thréimhse Míchumais ag an bPolasaí

53

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

*"Tréimhse ina mbíonn Ball go hiomlán gan chumas lena ghnáth Shlí Bheatha a dhéanamh mar gheall ar thinneas nó ar thimpiste aitheanta".*

Le critéir an tsainmhíniú seo a shású ní mór don Ghearánaí, mar gheall ar thinneas nó timpiste aitheanta, a bheith go hiomlán gan cumas ar fheidhmeanna a slí bheatha féin a dhéanamh.

Rinne an tOmbudsman athbhreithniú ar na tuarascálacha leighis ó Oifig Leighis an Fhostóra, ó Dhochtúir Teaghlaigh an Ghearánaí agus ón Lia Gairme ar ar fhreastail an Gearánaí ar iarratas na Cuideachta, mar chuid de mheasúnú an éilimh.

Fuair an Chuideachta dhá thuarascáil ó Oifigeach Leighis an Fhostóra. Luaigh an chéad tuarascáil go raibh roinnt riochtanna leighis ag cur cosc ar an nGearánaí filleadh ar an obair agus bhíothas ag glacadh leis go mbeadh an Gearánaí ábalta ar é sin a dhéanamh i gceann 4 sheachtain eile. Luaigh an dara thuarascáil riocht leighis a chuir cosc ar fhilleadh ar an obair agus gur mheas dochtúir teaghlaigh an Ghearánaí nach raibh an Gearánaí ábalta d'obair lánaimseartha ach go raibh an Gearánaí ábalta do sheachtain 4 lá. Nuair a bhí an t-athbhreithniú déanta d'fhostaigh an Chuideachta Lia Gairme, tugadh le fios go raibh an Gearánaí measartha neamhspleách ina saol laethúil gan mórán srianta. Tugadh miontinneas faoi deara, ach seachas sin bhí an Gearánaí sláintiúil. Ba í tuairim an Lia Gairme go raibh comharthaí éagsúla ag an nGearánaí ach nach raibh aon an-ord lastiar díobh. Ba é tuairim an Lia Gairme nach raibh an Gearánaí míchumasaithe mar gheall ar a gearán leighis agus nach raibh sí gan ábaltacht le filleadh ar an obair agus nach raibh gá leis an gcinneadh seachtain 4 lá a oibriú ar bhonn leighis.

Tar éis an fhianaise a mheas go cúramach ba é Cinneadh an Ombudsman nach seasfaí leis an ngearán mar nach raibh meáchan na fianaise ag teacht le héileamh an Ghearánaí nach raibh sé ar a cumas ar chor ar bith a gnáthchúramaí oibre a dhéanamh.

## Staidéar ar Chás 6: Árachas ar Theach Saoire (Níor Seasadh Leis)

Bhí teach saoire faoi árachas ag an nGearánaí leis an gCuideachta. Bhí éifeacht leis an bpolasaí ó Aibreán 2009 go mí Aibreáin 2010. Rinneadh dochar uisce do mhaoin an árachaí mar gheall ar phíopa pléasctha i mí na Samhna 2009. TChuir an Gearánaí éileamh isteach i leith an damáiste a rinneadh don mhaoin mar gheall ar éalú uisce. Dhiúltaigh an Chuideachta an t-éileamh ar an mbonn nár cloíodh le coinníollacha an pholasaí, is é sin nár chomhlíon an Gearánaí an fhoráil seo a leanas sa pholasaí:

*"FORMHUINIÚ NEAMHSHEALBHÚ TEACH SAOIRE (á úsáid Agatsa amháin)*

*Nuair a úsáidtear an Teach mar theach saoire agatsa amháin*

1) *Ní chlúdóimid caillteanas ná damáiste a éiríonn as éalú nó sileadh uisce reoite as aon chóras pluiméireachta nó teasa inmheánach, ó aon fhearas socraithe uisce nó ó aon fhearas tí i rith na tréimhse 1 Samhain go 31 Márta gach bliain ach amháin:*
   - i) *go bhfuil an soláthar uisce curtha as ag an bpríomhlíne agus an t-uisce go léir taosctha as an gcóras, nó*
   - ii) *go bhfuil an córas teasa lárnach fágtha ag oibriú go hiomlán 24 uair sa lá le híosteocht 10C/50F a chothabháil sa teach.*

Chinn an tOmbudsman gur thit an t-éileamh a chuir an Gearánaí isteach faoi théarmaí, coinníollacha, eisiaimh agus formhuinithe an pholasaí a ndearna an dá pháirtí conradh faoi. Bhí an tOmbudsman sásta nár chloígh an Gearánaí le forálacha ábhartha an pholasaí i. Ní raibh an soláthar uisce curtha as ná an t-uisce taosctha as an gcóras, ná ní raibh an córas teasa lárnach ar siúl go hiomlán 24 uair sa lá. Dá thoradh sin, níor seasadh leis an ngearán mar go raibh an Chuideachta ag gníomhú go ceart nuair a dhiúltaigh siad an t-éileamh.



*"Tréimhse ina mbíonn Ball go hiomlán gan chumas lena ghnáth Shlí Bheatha a dhéanamh mar gheall ar thinneas nó ar thimpiste aitheanta".*

Le critéir an tsainmhíniú seo a shású ní mór don Ghearánaí, mar gheall ar thinneas nó timpiste aitheanta, a bheith go hiomlán gan cumas ar fheidhmeanna a slí bheatha féin a dhéanamh.

Rinne an tOmbudsman athbhreithniú ar na tuarascálacha leighis ó Oifig Leighis an Fhostóra, ó Dhochtúir Teaghlaigh an Ghearánaí agus ón Lia Gairme ar ar fhreastail an Gearánaí ar iarratas na Cuideachta, mar chuid de mheasúnú an éilimh.

Fuair an Chuideachta dhá thuarascáil ó Oifigeach Leighis an Fhostóra. Luaigh an chéad tuarascáil go raibh roinnt riochtanna leighis ag cur cosc ar an nGearánaí filleadh ar an obair agus bhíothas ag glacadh leis go mbeadh an Gearánaí ábalta ar é sin a dhéanamh i gceann 4 sheachtain eile. Luaigh an dara thuarascáil riocht leighis a chuir cosc ar fhilleadh ar an obair agus gur mheas dochtúir teaghlaigh an Ghearánaí nach raibh an Gearánaí ábalta d'obair lánaimseartha ach go raibh an Gearánaí ábalta do sheachtain 4 lá. Nuair a bhí an t-athbhreithniú déanta d'fhostaigh an Chuideachta Lia Gairme, tugadh le fios go raibh an Gearánaí measartha neamhspleách ina saol laethúil gan mórán srianta. Tugadh miontinneas faoi deara, ach seachas sin bhí an Gearánaí sláintiúil. Ba í tuairim an Lia Gairme go raibh comharthaí éagsúla ag an nGearánaí ach nach raibh aon an-ord lastiar díobh. Ba é tuairim an Lia Gairme nach raibh an Gearánaí míchumasaithe mar gheall ar a gearán leighis agus nach raibh sí gan ábaltacht le filleadh ar an obair agus nach raibh gá leis an gcinneadh seachtain 4 lá a oibriú ar bhonn leighis.

Tar éis an fhianaise a mheas go cúramach ba é Cinneadh an Ombudsman nach seasfaí leis an ngearán mar nach raibh meáchan na fianaise ag teacht le héileamh an Ghearánaí nach raibh sé ar a cumas ar chor ar bith a gnáthchúramaí oibre a dhéanamh.

## Staidéar ar Chás 6: Árachas ar Theach Saoire (Níor Seasadh Leis)

Bhí teach saoire faoi árachas ag an nGearánaí leis an gCuideachta. Bhí éifeacht leis an bpolasaí ó Aibreán 2009 go mí Aibreáin 2010. Rinneadh dochar uisce do mhaoin an árachaí mar gheall ar phíopa pléasctha i mí na Samhna 2009. TChuir an Gearánaí éileamh isteach i leith an damáiste a rinneadh don mhaoin mar gheall ar éalú uisce. Dhiúltaigh an Chuideachta an t-éileamh ar an mbonn nár cloíodh le coinníollacha an pholasaí, is é sin nár chomhlíon an Gearánaí an fhoráil seo a leanas sa pholasaí:

*"FORMHUINIÚ NEAMHSHEALBHÚ TEACH SAOIRE (á úsáid Agatsa amháin)*

*Nuair a úsáidtear an Teach mar theach saoire agatsa amháin*

1) *Ní chlúdóimid caillteanas ná damáiste a éiríonn as éalú nó sileadh uisce reoite as aon chóras pluiméireachta nó teasa inmheánach, ó aon fhearas socraithe uisce nó ó aon fhearas tí i rith na tréimhse 1 Samhain go 31 Márta gach bliain ach amháin:*
   - i) *go bhfuil an soláthar uisce curtha as ag an bpríomhlíne agus an t-uisce go léir taosctha as an gcóras, nó*
   - ii) *go bhfuil an córas teasa lárnach fágtha ag oibriú go hiomlán 24 uair sa lá le híosteocht 10C/50F a chothabháil sa teach.*

Chinn an tOmbudsman gur thit an t-éileamh a chuir an Gearánaí isteach faoi théarmaí, coinníollacha, eisiaimh agus formhuinithe an pholasaí a ndearna an dá pháirtí conradh faoi. Bhí an tOmbudsman sásta nár chloígh an Gearánaí le forálacha ábhartha an pholasaí i. Ní raibh an soláthar uisce curtha as ná an t-uisce taosctha as an gcóras, ná ní raibh an córas teasa lárnach ar siúl go hiomlán 24 uair sa lá. Dá thoradh sin, níor seasadh leis an ngearán mar go raibh an Chuideachta ag gníomhú go ceart nuair a dhiúltaigh siad an t-éileamh.

54

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

## Staidéar ar Chás 7: Morgáiste Rianúcháin (Seasadh Leis)

Bhí morgáiste ag an nGearánaí leis an mBanc, a tarraingíodh anuas ar ráta ús rianúcháin i 2006. I lár 2007 bheartaigh sé an ráta úis a shocrú ar feadh 3 bliana. Nuair a d'éag tréimhse an ráta socraithe, cuireadh an morgáiste ar ais ar ráta athraitheach úis an Bhainc, seachas ar an ráta 'rianúcháin'.

Tug an Gearánaí a ghearán chuig an Oifig, ag rá gur cheart go mbeadh cead aige dul ar ais chuig an mbunmhorgáiste rianúcháin nuair a d'éag tréimhse an ráta socraithe.

D'áitigh sé nuair a shínigh sé don ráta socraithe nár insíodh dó nach mbeadh rogha ráta rianúcháin aige nuair a d'éagfadh an ráta socraithe; níor insíodh dó faoi seo go dtí go raibh an tréimhse shocraithe ag teacht chun deiridh.

Dúirt sé gur thagair an doiciméadúchán a úsáideadh nuair a shínigh sé don ráta socraithe do ráta iasacht tí a Bhainc a bhí i bhfeidhm ag éag an ráta socraithe agus gur ghlac sé leis gur chiallaigh sé sin an ráta rianúcháin iasacht tí a bhí ann nuair a shínigh sé den chéad uair i 2006. D'áitigh sé nár thagair an doiciméadúchán riamh do ráta caighdeánach athraitheach.

Dúirt sé gur áitigh an Banc, mar fhreagra ar a ghearán, gur chiallaigh an ráta iasachta tí an ráta caighdeánach athraitheach. Maidir leis sin, dúirt sé nár luaigh téarmaí agus coinníollacha an mhorgáiste ná an cháipéis a síníodh an pointe seo riamh.

D'iarr an Gearánaí go dtabharfaí cead dó dul ar ais go dtí an ráta rianúcháin mar a bhí sonraithe ar dtús sa mhorgáiste.

Dúirt an Banc go raibh riarachán déanta aige ar an gcuntas agus ar an ráta úis de réir an doiciméadúcháin agus go raibh an doiciméadúchán soiléir agus achomair faoina dtarlódh ar éag do thréimhse úis seasta.

D'áitigh sé gur tagraíodh sa cháipéis a síníodh nuair a shocraigh an Gearánaí an ráta úis don ráta iasacht tí ag éag tréimhse an ráta socraithe. D'áitigh sé go n-aithnítear a ráta iasacht tí mar a ráta caighdeánach athraitheach.

Ba é a áiteamh, nuair a shínigh an Gearán an doiciméadúchán leis an ráta úis a shocrú, gur thoiligh an Gearánaí an ráta a shocrú faoi réir ag na coinníollacha sa doiciméadúchán agus gur dheimhnigh sé gur thuig sé an próiseas a bheadh ann ar éag don tréimhse socraithe úis go soiléir.

D'fhéach an Oifig ar an bhfianaise agus ar na haighneachtaí go léir, le haird go háirithe ar an doiciméadúchán. Bhí téarmaí agus coinníollacha an mhorgáiste, a síníodh i 2006, san áireamh agus an cháipéis a shínigh an Gearání nuair a chinn sé ar an ráta úis a shocrú i 2007. Luadh go raibh tagairt i gcáipéis 2007 d'fhoclaíocht théarmaí agus choinníollacha an mhorgáiste .i. Foclaíocht théarmaí agus choinníollacha an mhorgáiste .i. Doiciméadúchán na bliana 2006.

D'fhiafraigh an Oifig den Bhanc ar mheas sí go raibh go leor eolais curtha ar fáil le ligean don Ghearánaí cinneadh eolasach a dhéanamh faoi rátaí morgáiste agus úis a bheadh i bhfeidhm ar éag don tréimhse úis seasta.

Tar éis an Doicimidéadúchán, agus aighneachtaí an Bhainc agus an Ghearánaí, a mheas, léirigh an Oifig amhras faoi na téarmaí a úsáideadh sa doiciméadúchán le cur síos ar na rátaí úis. Dúirt an Oifig go raibh easpa soiléireachta agus comhsheasmhachta ann faoi na cineálacha rátaí úis a raibh téarmaí áirithe ag tagairt dóibh agus go bhféadfadh siad mearbhall a chruthú leis an bhfoclaíocht seo. Rinneadh tagairt d'fhoclaíocht choinníollacha ginearálta na cáipéise agus d'fhoclaíocht na cáipéise a shínigh an Gearánaí nuair a shocraigh sé an ráta úis.



## Staidéar ar Chás 7: Morgáiste Rianúcháin (Seasadh Leis)

Bhí morgáiste ag an nGearánaí leis an mBanc, a tarraingíodh anuas ar ráta ús rianúcháin i 2006. I lár 2007 bheartaigh sé an ráta úis a shocrú ar feadh 3 bliana. Nuair a d'éag tréimhse an ráta socraithe, cuireadh an morgáiste ar ais ar ráta athraitheach úis an Bhainc, seachas ar an ráta 'rianúcháin'.

Tug an Gearánaí a ghearán chuig an Oifig, ag rá gur cheart go mbeadh cead aige dul ar ais chuig an mbunmhorgáiste rianúcháin nuair a d'éag tréimhse an ráta socraithe.

D'áitigh sé nuair a shínigh sé don ráta socraithe nár insíodh dó nach mbeadh rogha ráta rianúcháin aige nuair a d'éagfadh an ráta socraithe; níor insíodh dó faoi seo go dtí go raibh an tréimhse shocraithe ag teacht chun deiridh.

Dúirt sé gur thagair an doiciméadúchán a úsáideadh nuair a shínigh sé don ráta socraithe do ráta iasacht tí a Bhainc a bhí i bhfeidhm ag éag an ráta socraithe agus gur ghlac sé leis gur chiallaigh sé sin an ráta rianúcháin iasacht tí a bhí ann nuair a shínigh sé den chéad uair i 2006. D'áitigh sé nár thagair an doiciméadúchán riamh do ráta caighdeánach athraitheach.

Dúirt sé gur áitigh an Banc, mar fhreagra ar a ghearán, gur chiallaigh an ráta iasachta tí an ráta caighdeánach athraitheach. Maidir leis sin, dúirt sé nár luaigh téarmaí agus coinníollacha an mhorgáiste ná an cháipéis a síníodh an pointe seo riamh.

D'iarr an Gearánaí go dtabharfaí cead dó dul ar ais go dtí an ráta rianúcháin mar a bhí sonraithe ar dtús sa mhorgáiste.

Dúirt an Banc go raibh riarachán déanta aige ar an gcuntas agus ar an ráta úis de réir an doiciméadúcháin agus go raibh an doiciméadúchán soiléir agus achomair faoina dtarlódh ar éag do thréimhse úis seasta.

D'áitigh sé gur tagraíodh sa cháipéis a síníodh nuair a shocraigh an Gearánaí an ráta úis don ráta iasacht tí ag éag tréimhse an ráta socraithe. D'áitigh sé go n-aithnítear a ráta iasacht tí mar a ráta caighdeánach athraitheach.

Ba é a áiteamh, nuair a shínigh an Gearán an doiciméadúchán leis an ráta úis a shocrú, gur thoiligh an Gearánaí an ráta a shocrú faoi réir ag na coinníollacha sa doiciméadúchán agus gur dheimhnigh sé gur thuig sé an próiseas a bheadh ann ar éag don tréimhse socraithe úis go soiléir.

D'fhéach an Oifig ar an bhfianaise agus ar na haighneachtaí go léir, le haird go háirithe ar an doiciméadúchán. Bhí téarmaí agus coinníollacha an mhorgáiste, a síníodh i 2006, san áireamh agus an cháipéis a shínigh an Gearání nuair a chinn sé ar an ráta úis a shocrú i 2007. Luadh go raibh tagairt i gcáipéis 2007 d'fhoclaíocht théarmaí agus choinníollacha an mhorgáiste .i. Foclaíocht théarmaí agus choinníollacha an mhorgáiste .i. Doiciméadúchán na bliana 2006.

D'fhiafraigh an Oifig den Bhanc ar mheas sí go raibh go leor eolais curtha ar fáil le ligean don Ghearánaí cinneadh eolasach a dhéanamh faoi rátaí morgáiste agus úis a bheadh i bhfeidhm ar éag don tréimhse úis seasta.

Tar éis an Doicimidéadúchán, agus aighneachtaí an Bhainc agus an Ghearánaí, a mheas, léirigh an Oifig amhras faoi na téarmaí a úsáideadh sa doiciméadúchán le cur síos ar na rátaí úis. Dúirt an Oifig go raibh easpa soiléireachta agus comhsheasmhachta ann faoi na cineálacha rátaí úis a raibh téarmaí áirithe ag tagairt dóibh agus go bhféadfadh siad mearbhall a chruthú leis an bhfoclaíocht seo. Rinneadh tagairt d'fhoclaíocht choinníollacha ginearálta na cáipéise agus d'fhoclaíocht na cáipéise a shínigh an Gearánaí nuair a shocraigh sé an ráta úis.

55

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

Dúirt an Oifig go raibh dualgas ar an mBanc faisnéis shoiléir neamhchasta a chur ar fáil. Sa deireadh, chuir an Banc doiciméadúchán ar fáil a raibh sé ag iarraidh brath air agus a raibh an Gearánaí ag brath air go réasúnaíoch nuair a rinne sé a chinneadh an ráta a shocrú. D'éirigh ceist faoi shoiléireacht an doiciméadúcháin sin.

Cinneadh go raibh bunús tugtha ag an nGearánaí dá ghearán. Ordaíodh don Bhanc ligean don Ghearánaí ráta rianúcháin a roghnú agus é sin a iardhátú go dáta éaga an tréimhse úis seasta.

## Staidéar ar Chás 8: Morgáiste Rianúcháin (Seasadh Leis)

Fuair na Gearánaithe morgáiste ón mBanc i mí Dheireadh Fómhair 2006. I mí Dheireadh Fómhair 2007 bheartaigh na Gearánaithe tréimhse an mhorgáiste a laghdú agus an ráta úis a shocrú ar feadh tréimhse 3 bliana ar chuid dá morgáiste.

Ag druidim le deireadh a dtréimhse ráta socraithe úis, rinne na Gearánaithe teagmháil le craobh dá mBanc le fáil a amach cad iad na roghanna a bhí ar fáil dóibh ag deireadh a dtréimhse ráta socraithe úis.

Dúirt an Banc leis na Gearánaithe go raibh foráil déanta le haghaidh trí rogha ina gcomhaontas iasachta mar a leanas: glacadh le tréimhse eile ráta socraithe, athrú ráta athraitheach nó athrú go ráta rianúcháin úis. Chuir an Banc in iúl go raibh sé ráite sa chomhaontú iasachta go raibh an rogha seo faoi réir ag na ráta reatha úis.

Dúirt an Banc chomh maith nach raibh rátaí rianúcháin úis á dtairiscint acu ó 2008 i leith agus dá thoradh sin nach bhféadfadh na Gearánaithe an chuid dá morgáiste ar ráta socraithe úis a aistriú go ráta rianúcháin úis mar nach raibh an ráta rianúcháin úis ina ráta reatha ag an am.

Bhí na Gearánaithe míshásta leis an gcinneadh seo agus mheas siad go raibh siad i dteideal leas a bhaint as ráta rianúcháin de réir an chonradh.

Cé gur ghlac an tOmbudsman leis go raibh an Banc i dteideal éirí as rátaí rianúcháin a thairiscint mar tháirge, thug sé faoi deara nach aistrigh na Gearánaithe ach cuid dá morgáiste go ráta socraithe. D'fhan an chuid eile de mhorgáiste na nGearánaithe ar ráta rianúcháin. Dá réir sin, mar go raibh cuid de mhorgáiste na nGearánaithe faoi réir ag ráta rianúcháin úis, bhí an tOmbudsman sásta gurb é sin an ráta reatha laistigh de théarmaí an chomhaontaithe.

Dá réir sin d'ordaigh an tOmbudsman don Bhanc an chuid ábhartha den mhorgáiste a chur ar an ráta reatha rianúcháin a bhí infheidhme ag an am don chuid eile den mhorgáiste, iardáthaithe go dtí éag an téarma ráta socraithe úis.

## Staidéar ar Chás 9: Morgáiste Rianúcháin (Níor Seasadh Leis)

Fuair an Gearánaí morgáiste leis an mBanc i 2007. Ba é an gearán a rinneadh nár ghníomhaigh an Banc chun an leasa is fearr don Ghearánaí nuair a comhairlíodh di bogadh go rata socraithe ón ráta rianúcháin a bhí aici i 2010.

Dúirt an Gearánaí go raibh ráta socraithe úis i dtéarmaí a morgáiste go ceann dhá bhliain, agus go mbogfaí ansin go ráta úis rianúcháin BCE +1.15%. Dúirt an Gearánaí go bhfuair sí féin agus a fear céile litir ag deireadh na tréimhse dhá bhliain ón mBanc ag deimhniú go raibh a morgáiste le bogadh go ráta caighdeánach rianúcháin a bhí ag 2.15% ag an am sin, agus gur bhain sí leas as sin ina dhiaidh sin. Líomhnaigh an Gearánaí go bhfuair sí mórán litreacha agus glaonna ansin ón mBanc le rá léi aistriú ar ais chuig an ráta socraithe.



Dúirt an Oifig go raibh dualgas ar an mBanc faisnéis shoiléir neamhchasta a chur ar fáil. Sa deireadh, chuir an Banc doiciméadúchán ar fáil a raibh sé ag iarraidh brath air agus a raibh an Gearánaí ag brath air go réasúnaíoch nuair a rinne sé a chinneadh an ráta a shocrú. D'éirigh ceist faoi shoiléireacht an doiciméadúcháin sin.

Cinneadh go raibh bunús tugtha ag an nGearánaí dá ghearán. Ordaíodh don Bhanc ligean don Ghearánaí ráta rianúcháin a roghnú agus é sin a iardhátú go dáta éaga an tréimhse úis seasta.

Staidéar ar Chás 8: Morgáiste Rianúcháin (Seasadh Leis)

Fuair na Gearánaithe morgáiste ón mBanc i mí Dheireadh Fómhair 2006. I mí Dheireadh Fómhair 2007 bheartaigh na Gearánaithe tréimhse an mhorgáiste a laghdú agus an ráta úis a shocrú ar feadh tréimhse 3 bliana ar chuid dá morgáiste.

Ag druidim le deireadh a dtréimhse ráta socraithe úis, rinne na Gearánaithe teagmháil le craobh dá mBanc le fáil a amach cad iad na roghanna a bhí ar fáil dóibh ag deireadh a dtréimhse ráta socraithe úis.

Dúirt an Banc leis na Gearánaithe go raibh foráil déanta le haghaidh trí rogha ina gcomhaontas iasachta mar a leanas: glacadh le tréimhse eile ráta socraithe, athrú ráta athraitheach nó athrú go ráta rianúcháin úis. Chuir an Banc in iúl go raibh sé ráite sa chomhaontú iasachta go raibh an rogha seo faoi réir ag na ráta reatha úis.

Dúirt an Banc chomh maith nach raibh rátaí rianúcháin úis á dtairiscint acu ó 2008 i leith agus dá thoradh sin nach bhféadfadh na Gearánaithe an chuid dá morgáiste ar ráta socraithe úis a aistriú go ráta rianúcháin úis mar nach raibh an ráta rianúcháin úis ina ráta reatha ag an am.

Bhí na Gearánaithe míshásta leis an gcinneadh seo agus mheas siad go raibh siad i dteideal leas a bhaint as ráta rianúcháin de réir an chonradh.

Cé gur ghlac an tOmbudsman leis go raibh an Banc i dteideal éirí as rátaí rianúcháin a thairiscint mar tháirge, thug sé faoi deara nach aistrigh na Gearánaithe ach cuid dá morgáiste go ráta socraithe. D'fhan an chuid eile de mhorgáiste na nGearánaithe ar ráta rianúcháin. Dá réir sin, mar go raibh cuid de mhorgáiste na nGearánaithe faoi réir ag ráta rianúcháin úis, bhí an tOmbudsman sásta gurb é sin an ráta reatha laistigh de théarmaí an chomhaontaithe.

Dá réir sin d'ordaigh an tOmbudsman don Bhanc an chuid ábhartha den mhorgáiste a chur ar an ráta reatha rianúcháin a bhí infheidhme ag an am don chuid eile den mhorgáiste, iardáthaithe go dtí éag an téarma ráta socraithe úis.

Staidéar ar Chás 9: Morgáiste Rianúcháin (Níor Seasadh Leis)

Fuair an Gearánaí morgáiste leis an mBanc i 2007. Ba é an gearán a rinneadh nár ghníomhaigh an Banc chun an leasa is fearr don Ghearánaí nuair a comhairlíodh di bogadh go rata socraithe ón ráta rianúcháin a bhí aici i 2010.

Dúirt an Gearánaí go raibh ráta socraithe úis i dtéarmaí a morgáiste go ceann dhá bhliain, agus go mbogfaí ansin go ráta úis rianúcháin BCE +1.15%. Dúirt an Gearánaí go bhfuair sí féin agus a fear céile litir ag deireadh na tréimhse dhá bhliain ón mBanc ag deimhniú go raibh a morgáiste le bogadh go ráta caighdeánach rianúcháin a bhí ag 2.15% ag an am sin, agus gur bhain sí leas as sin ina dhiaidh sin. Líomhnaigh an Gearánaí go bhfuair sí mórán litreacha agus glaonna ansin ón mBanc le rá léi aistriú ar ais chuig an ráta socraithe.

56

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

Deir an Gearánaí gur comhairlíodh di bogadh go dtí an ráta socraithe ar feadh tréimhse breise ama agus gur chinn sí ar ghlacadh leis an gcomhairle agus bhog sí ar ais go dtí an ráta socraithe úis. D'áitigh an Gearánaí leis an Oifig gur droch-chomhairle ba ea é seo agus go bhfuair sí amach dá éis sin, nuair a éagfadh an tréimhse ráta socraithe, nach bhfillfeadh an iasacht ar an ráta caighdeánach rianúcháin ach ar ráta athraitheach, rud nach raibh luaite léi ag an mBanc.

Dúirt an Banc leis an Oifig nach féidir le baill foirne ach go leor faisnéise a sholáthar do chustaiméirí maidir le táirgí ráta úis chun an cinneadh eolasach is fearr a oireann dá riachtanais a dhéanamh. Braitheann an cinneadh deireanach ar an gcustaiméir féin. Dúirt an Banc go raibh foirm údaráis le haghaidh ráta socraithe eisithe don Ghearánaí inar tugadh forléargas soiléir faoi na himpleachtaí a bhain le ráta úis ar mhorgáiste tí a leasú. Ba é áiteamh an Bhainc nach raibh aon dualgas ar an nGearánaí ráta úis a morgáiste tí a leasú.

Thagair an tOmbudsman don litir mhínithe a chuir an Banc chuig an nGearánaí i mí Mhárta 2010 mar chuid den bhfoirm údaráis don ráta socraithe agus luadh go follasach inti:

> *"Tabhair faoi deara má ghlacann tú le ráta socraithe eile agus an ráta rianúchán agam mar rogha réamhshocraithe, nach mbeidh an rogha ráta úis rianúcháin ar fáil níos mó ag deireadh an tréimhse nua ráta socraithe seo, agus go déanfar do mhorgáiste a réamhshocrú go Ráta Caighdeánach Athraitheach."*

Chinn an tOmbudsman nár fhág an litir seo aon amhras ag an nGearánaí sa bhfógra a tugadh inti go gcaillfeadh sí a ráta rianúcháin ar feadh tréimhse éiginnte dá socródh sí a ráta úis. Fuair an Gearánaí an litir seo agus an fhoirm údaráis don ráta socraithe a ghabh leis i mí Aibreáin 2010, agus chinn an tOmbudsman gur tugadh deis go leor don Ghearánaí na roghanna a bhain le ráta úis a morgáiste a mheas. Chinn an tOmbudsman chomh maith go ndearna an Gearánaí cinneadh neamhspleách a ráta úis a shocrú, bunaithe ar a tosca féin ag an am. Ní fhaca an tOmbudsman go raibh aon fhianaise ann sa chás seo gur spreag an Banc an Gearánaí go gníomhach le rátaí a athrú ná gur chuir sé brú ar bith uirthi.

Ní raibh aonn fhianaise ann sa chás seo a thacódh le líomhain an Ghearánaí go bhfuair sí glaonn agus litreacha iomadúla ó ionadaithe an Bhainc á spreagadh lena ráta rianúcháin a athrú go ráta socraithe. Níor seasamh leis an ngearán mar gheall air sin.

## Staidéar ar Chás 10: Árachas Gluaisteáin – Seachaíocht (Níor Seasadh Leis)

Bhí polasaí árachais gluaisteáin ag an nGearánaí an gCuideachta a bhí i gceist. Bhain an Gearán le haighneas faoi shocrú éileamh Tríú Páirtí a rinneadh ar pholasaí an Ghearánaí.

Maidir leis an eachtra a spreag an t-éileamh, mhaígh an Gearánaí gur chúlaigh an Tríú Páirtí isteach ann agus gur admhaigh sí a dliteanas ach gur athraigh sí a hintinn ina dhiaidh sin. Dúirt an Gearánaí go raibh finnéithe aige, ach gur theip ar an gCuideachta iad a fhiosrú. Mar gur chinn an Chuideachta an t-éileamh a shocrú tháinig méadú €3,000 ar phréimh an Ghearánaí ó shin, rud nach raibh sé sásta leis.

Ba é cás an Ghearánaí gur shocraigh an Chuideachta an t-éileamh Tríú Páirtí gan an eachtra a fhiosrú go hiomlán.

Chuir an Chuideachta sonraí den mheasúnú a rinneadh ar an éileamh ar fáil agus dheimhnigh siad gur ceapadh Measúnóir Mótair. Nuair a bhí na fiosrúcháin déanta cinneadh go ndéanfaí an cás a shocrú le suim €2,275.00 d'éileamh an Ghearánaí agus éileamh an Tríú Páirtí ar son an damáiste di sin a shocrú chomh maith.



Deir an Gearánaí gur comhairlíodh di bogadh go dtí an ráta socraithe ar feadh tréimhse breise ama agus gur chinn sí ar ghlacadh leis an gcomhairle agus bhog sí ar ais go dtí an ráta socraithe úis. D'áitigh an Gearánaí leis an Oifig gur droch-chomhairle ba ea é seo agus go bhfuair sí amach dá éis sin, nuair a éagfadh an tréimhse ráta socraithe, nach bhfillfeadh an iasacht ar an ráta caighdeánach rianúcháin ach ar ráta athraitheach, rud nach raibh luaite léi ag an mBanc.

Dúirt an Banc leis an Oifig nach féidir le baill foirne ach go leor faisnéise a sholáthar do chustaiméirí maidir le táirgí ráta úis chun an cinneadh eolasach is fearr a oireann dá riachtanais a dhéanamh. Braitheann an cinneadh deireanach ar an gcustaiméir féin. Dúirt an Banc go raibh foirm údaráis le haghaidh ráta socraithe eisithe don Ghearánaí inar tugadh forléargas soiléir faoi na himpleachtaí a bhain le ráta úis ar mhorgáiste tí a leasú. Ba é áiteamh an Bhainc nach raibh aon dualgas ar an nGearánaí ráta úis a morgáiste tí a leasú.

Thagair an tOmbudsman don litir mhínithe a chuir an Banc chuig an nGearánaí i mí Mhárta 2010 mar chuid den bhfoirm údaráis don ráta socraithe agus luadh go follasach inti:

> *"Tabhair faoi deara má ghlacann tú le ráta socraithe eile agus an ráta rianúchán agam mar rogha réamhshocraithe, nach mbeidh an rogha ráta úis rianúcháin ar fáil níos mó ag deireadh an tréimhse nua ráta socraithe seo, agus go déanfar do mhorgáiste a réamhshocrú go Ráta Caighdeánach Athraitheach."*

Chinn an tOmbudsman nár fhág an litir seo aon amhras ag an nGearánaí sa bhfógra a tugadh inti go gcaillfeadh sí a ráta rianúcháin ar feadh tréimhse éiginnte dá socródh sí a ráta úis. Fuair an Gearánaí an litir seo agus an fhoirm údaráis don ráta socraithe a ghabh leis i mí Aibreáin 2010, agus chinn an tOmbudsman gur tugadh deis go leor don Ghearánaí na roghanna a bhain le ráta úis a morgáiste a mheas. Chinn an tOmbudsman chomh maith go ndearna an Gearánaí cinneadh neamhspleách a ráta úis a shocrú, bunaithe ar a tosca féin ag an am. Ní fhaca an tOmbudsman go raibh aon fhianaise ann sa chás seo gur spreag an Banc an Gearánaí go gníomhach le rátaí a athrú ná gur chuir sé brú ar bith uirthi.

Ní raibh aonn fhianaise ann sa chás seo a thacódh le líomhain an Ghearánaí go bhfuair sí glaonn agus litreacha iomadúla ó ionadaithe an Bhainc á spreagadh lena ráta rianúcháin a athrú go ráta socraithe. Níor seasamh leis an ngearán mar gheall air sin.

Staidéar ar Chás 10: Árachas Gluaisteáin – Seachaíocht (Níor Seasadh Leis)

Bhí polasaí árachais gluaisteáin ag an nGearánaí an gCuideachta a bhí i gceist. Bhain an Gearán le haighneas faoi shocrú éileamh Tríú Páirtí a rinneadh ar pholasaí an Ghearánaí.

Maidir leis an eachtra a spreag an t-éileamh, mhaígh an Gearánaí gur chúlaigh an Tríú Páirtí isteach ann agus gur admhaigh sí a dliteanas ach gur athraigh sí a hintinn ina dhiaidh sin. Dúirt an Gearánaí go raibh finnéithe aige, ach gur theip ar an gCuideachta iad a fhiosrú. Mar gur chinn an Chuideachta an t-éileamh a shocrú tháinig méadú €3,000 ar phréimh an Ghearánaí ó shin, rud nach raibh sé sásta leis.

Ba é cás an Ghearánaí gur shocraigh an Chuideachta an t-éileamh Tríú Páirtí gan an eachtra a fhiosrú go hiomlán.

Chuir an Chuideachta sonraí den mheasúnú a rinneadh ar an éileamh ar fáil agus dheimhnigh siad gur ceapadh Measúnóir Mótair. Nuair a bhí na fiosrúcháin déanta cinneadh go ndéanfaí an cás a shocrú le suim €2,275.00 d'éileamh an Ghearánaí agus éileamh an Tríú Páirtí ar son an damáiste di sin a shocrú chomh maith.

57

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

Thagair an Chuideachta do Choinníollacha Ginearálta a gconradh árachas gluaisteáin, a luann go gceadaíonn sé dóibh cosaint nó socrú an éilimh a ghlacadh orthu féin agus a réiteach.

Chinn an tOmbudsman nuair a ghlac an Gearánaí lena pholasaí árachas gluaisteáin, gur chuaigh sé i gconradh le ceangal dlí leis an gCuideachta. Ní mór don dá pháirtí sa chorradh cloí leis na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis. Bhí ar an Ombudsman aird a thabhairt ar théarmaí agus coinníollacha an pholasaí agus ar riachtanais reachtúla chuideachtaí árachais agus éilimh árachais á láimhseáil acu.

Tá an Chlásail Seachaíochta ar cheann de na coinníollacha is mó agus ceadaíonn sé don Chuideachta Árachas dul i gceannas ar éileamh agus cur ina aghaidh nó é a shocrú thar ceann an árachaí. Ciallaíonn sé seo má chuireann Tríú Páirtí éileamh isteach i gcoinne sealbhóir polasaí nó duine árachaithe eile ag rá go ndearna an sealbhóir/úinéir damáiste dá f(h)eithicil nó má thabhaigh sé/sí gortú pearsanta mar gheall ar eachtra leis an sealbhóir polasaí, gur féidir leis an gCuideachta a chinneadh, faoina gcearta seachaíochta an cás a shocrú. De ghnáth ní gá do chuideachtaí árachais cead an árachaí a fháil le seo a dhéanamh faoi théarmaí an chlásail seachaíochta.

I gcás an Ghearánaí deir an Chlásail Seachtaíochta seo go mbeidh an Chuideachta "...i dteideal dul i gceannas ar chosaint nó socrú aon éilimh i d'ainm (nó in ainm aon duine árachaithe eile) .... beimid in ann a chinntiú conas a láimhseáiltear aon imeachtaí nó socruithe."

Chinn an tOmbudsman gur chloígh an Chuideachta le riachtanais Chód Cosanta an Tomhaltóra , chomh luath agus a bhíonn éileamh socraithe i gcoinne Tríú Páirtí, nach mór a chur in iúl don sealbhóir polasaí i scríbhinn faoi thoradh deiridh an éilimh agus faoi fhigiúir an tsocraithe deiridh.

Chinn an tOmbudsman nach bhféadfaí seasamh leis an ngearán in aghaidh na Cuideachta mar gheall ar na cearta seachaíochta atá ag an gCuideachta faoin chonradh árachas gluaisteáin.

## Staidéar ar Chás 11: Árachas Gluaisteáin (Níor Seasadh Leis)

Bhí polasaí árachais cuimsitheach gluaisteáin ag an ngearánaí leis an gCuideachta a thosaigh i mí Feabhra 2010. Bhí an Gearánaí páirteach i dtimpiste aon charr ar 23 Lúnasa 2010. Chuir an Gearánaí éileamh isteach chuig an gCuideachta maidir leis an damáiste a rinneadh don bhfeithicil. Dhiúltaigh an Chuideachta don éileamh ar an mbonn go raibh coinníollacha an pholasaí sáraithe ag an nGearánaí mar nár choinnigh sé an fheithicil i riocht inbhóthair.

Bhí an fhoráil ábhartha seo sa pholasaí:

> *"Cúram na Feithicle*
>
> *Glacfaidh an t-árachaí gach céim réasúnta leis an bhfeithicil árachaithe a chosaint ar chailliúint, damáiste nó cliseadh. Ní mór an fheithicil árachaithe a choinneáil i riocht éifeachtúil inbhóthair... "*
>
> *Eisceachtaí agus Coinníollacha Ginearálta,*
>
> *Eisceachtaí:*
>
> *Ní bheidh dliteanas ar an árachóir maidir le héileamh ar bith a éiríonn agus an fheithicil árachaithe á húsáid nó á tiomáint:*
>
> *I bhfios don árachaí i riocht neamhshlán nó neamh-inbhóthair ..."*



Thagair an Chuideachta do Choinníollacha Ginearálta a gconradh árachas gluaisteáin, a luann go gceadaíonn sé dóibh cosaint nó socrú an éilimh a ghlacadh orthu féin agus a réiteach.

Chinn an tOmbudsman nuair a ghlac an Gearánaí lena pholasaí árachas gluaisteáin, gur chuaigh sé i gconradh le ceangal dlí leis an gCuideachta. Ní mór don dá pháirtí sa chorradh cloí leis na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis. Bhí ar an Ombudsman aird a thabhairt ar théarmaí agus coinníollacha an pholasaí agus ar riachtanais reachtúla chuideachtaí árachais agus éilimh árachais á láimhseáil acu.

Tá an Chlásail Seachaíochta ar cheann de na coinníollacha is mó agus ceadaíonn sé don Chuideachta Árachas dul i gceannas ar éileamh agus cur ina aghaidh nó é a shocrú thar ceann an árachaí. Ciallaíonn sé seo má chuireann Tríú Páirtí éileamh isteach i gcoinne sealbhóir polasaí nó duine árachaithe eile ag rá go ndearna an sealbhóir/úinéir damáiste dá f(h)eithicil nó má thabhaigh sé/sí gortú pearsanta mar gheall ar eachtra leis an sealbhóir polasaí, gur féidir leis an gCuideachta a chinneadh, faoina gcearta seachaíochta an cás a shocrú. De ghnáth ní gá do chuideachtaí árachais cead an árachaí a fháil le seo a dhéanamh faoi théarmaí an chlásail seachaíochta.

I gcás an Ghearánaí deir an Chlásail Seachtaíochta seo go mbeidh an Chuideachta "...i dteideal dul i gceannas ar chosaint nó socrú aon éilimh i d'ainm (nó in ainm aon duine árachaithe eile) .... beimid in ann a chinntiú conas a láimhseáiltear aon imeachtaí nó socruithe."

Chinn an tOmbudsman gur chloígh an Chuideachta le riachtanais Chód Cosanta an Tomhaltóra , chomh luath agus a bhíonn éileamh socraithe i gcoinne Tríú Páirtí, nach mór a chur in iúl don sealbhóir polasaí i scríbhinn faoi thoradh deiridh an éilimh agus faoi fhigiúir an tsocraithe deiridh.

Chinn an tOmbudsman nach bhféadfaí seasamh leis an ngearán in aghaidh na Cuideachta mar gheall ar na cearta seachaíochta atá ag an gCuideachta faoin chonradh árachas gluaisteáin.

Staidéar ar Chás 11: Árachas Gluaisteáin (Níor Seasadh Leis)

Bhí polasaí árachais cuimsitheach gluaisteáin ag an ngearánaí leis an gCuideachta a thosaigh i mí Feabhra 2010. Bhí an Gearánaí páirteach i dtimpiste aon charr ar 23 Lúnasa 2010. Chuir an Gearánaí éileamh isteach chuig an gCuideachta maidir leis an damáiste a rinneadh don bhfeithicil. Dhiúltaigh an Chuideachta don éileamh ar an mbonn go raibh coinníollacha an pholasaí sáraithe ag an nGearánaí mar nár choinnigh sé an fheithicil i riocht inbhóthair.

Bhí an fhoráil ábhartha seo sa pholasaí:

"Cúram na Feithicle

Glacfaidh an t-árachaí gach céim réasúnta leis an bhfeithicil árachaithe a chosaint ar chailliúint, damáiste nó cliseadh. Ní mór an fheithicil árachaithe a choinneáil i riocht éifeachtúil inbhóthair... "

Eisceachtaí agus Coinníollacha Ginearálta,

Eisceachtaí:

Ní bheidh dliteanas ar an árachóir maidir le héileamh ar bith a éiríonn agus an fheithicil árachaithe á húsáid nó á tiomáint:

I bhfios don árachaí i riocht neamhshlán nó neamh-inbhóthair ..."

58

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

Dhearbhaigh an fhianaise a tugadh don oifig go raibh ceann amháin ar a laghad de na boinn faoi bhun an íosriachtanais do dhoimhneacht dhlíthiúil nuair a tharla an eachtra – is é an riachtanas 1.6mm de dhoimhneacht íosta do leithead iomlán an bhoinn. D'easaontaigh na páirtithe faoi dhoimhneacht snáithe bhonn eile.

Chinn an tOmbudsman nach raibh an tÁrachaí ag cloí go cuí le téarmaí agus coinníollacha an pholasaí ná á gcomhlíonadh; níor coinníodh an fheithicil i riocht inbhóthair. Dá réir sin, ní fhéadfaí seasamh leis an éileamh, agus bhí an Chuideachta i dteideal diúltú don éileamh.

## Staidéar ar Chás 12: Éileamh ar Dhliteanas Fostóra (Níor Seasamh Leis)

Trádálaithe aonair a bhí sna Gearánaithe sa chás seo. Bhí polasaí árachais acu a bhí frithghealltа ag an Soláthar a chuir clúdach ar fáil le haghaidh dliteanas poiblí/táirgí, timpiste pearsanta agus dliteanas fostóra.

Bhain an gearán a cuireadh faoi bhráid an Ombudsman le héileamh faoi roinn dliteanas an fhostóra sa pholasaí, tar éis d'iarfhostaí éileamh ar ghortú pearsanta a dhéanamh i gcoinne na nGearánaithe. Dhiúltaigh an Soláthróir an dliteanas don éileamh ar an mbonn go raibh dhá choinníoll fhasach dliteanais sáraithe ag na Gearánaithe faoin bpolasaí mar (a) gur theip orthu fógra a thabhairt don Soláthróir laistigh de thréimhse réasúnta ama faoin éileamh ionchasach faoin bpolasaí agus (b) nuair a rinne siad é sin, gur theip orthu cloí le coinníollacha an pholasaí agus iad a chomhlíonadh.

D'áitigh an Soláthróir gur fasach ar dhliteanas an fhrithghealltóra iad na Connnníollacha Ginearálta seo ar aon éileamh faoin bpolasaí. Dúirt an Soláthróir nár tugadh aon fhógra dó faoin eachtra go ceann 3 bliana tar éis di tarlú, in ainneoin na riachtanas seo, agus faoin am sin go raibh dochar suntasach déanta dá sheasamh.

Gan trácht a dhéanamh ar chúis ná ar nádúr na timpiste a bhí i gceist, níor chosúil go raibh aon aighneas idir na páirtithe faoi gur gortaíodh iarfhostaí de chuid na Cuideachta sa láthair oibre in earrach na bliana 2001. Ba choinníoll de chuid pholasaí na nGearánaithe é go gcaithfidh sealbhóir an pholasaí "chomh luath agus is féidir go praiticiúil' fógra a thabhairt don Soláthar i scríbhinn faoi aon eachtra "a d'fhéadfadh éileamh a spreagadh" faoin bpolasaí, agus aon fhaisnéis riachtanach a sholáthar don Soláthróir ina taobh. Bhí an cháipéis pholasaí soiléir agus gan débhrí faoi seo.

Thacaigh na haighneachtaí le cás na nGearánaí nár cuireadh ar an eolas iad faoin éileamh ar ghortú pearsanta a bheith á thabhairt ina gcoinne san Ard-Chúirt go dtí earrach na bliana 2004. Thaispeáin na haighneachtaí chomh maith áfach go raibh na Gearánaithe eolach faoin timpiste nuair a tharla sé, timpeall trí bliana roimhe sin. Cibé tuairim a bhí ag na Gearánaithe féin ag an am faoi nádúr nó faoi chúis na timpiste nó faoin dóchúlacht go bhféadfadh éileamh éirí as, nuair a scrúdaíodh an fhianaise a cuireadh faoi bhráid, ba é tuairim an Ombudsman go mbeadh sé réasúnta do na Gearánaithe a mheas go bhféadfadh éileamh éirí as an eachtra i gcoinne roinn dliteanas fostóra a bpolasaí árachais. Sna tosca seo, d'éiligh an polasaí go gcuirfí in iúl don Soláthróir faoin eachtra chomh luath agus a bheadh réasúnta. Níor tugadh aon fhógra faoin eachtra don Soláthróir go ceann trí bliana tar éis dó tarlú. Theip ar na Gearánaithe dá bhrí sin cloí leis na téarmaí agus coinníollacha agus ghníomhaigh siad agus sháraigh siad iad, agus ar dhéanamh sin dóibh, rinne siad dochar do chumas an tSoláthróra fiosrú agus cosaint shásúil a dhéanamh ar an ngníomh.

Sna tosca seo, chinn an tOmbudsman go raibh an Soláthróir i dteideal dliteanas a dhiúltú i leith éileamh an Ghearánaí. Níor seasadh leis an ngearán.



Dhearbhaigh an fhianaise a tugadh don oifig go raibh ceann amháin ar a laghad de na boinn faoi bhun an íosriachtanais do dhoimhneacht dhlíthiúil nuair a tharla an eachtra – is é an riachtanas 1.6mm de dhoimhneacht íosta do leithead iomlán an bhoinn. D'easaontaigh na páirtithe faoi dhoimhneacht snáithe bhonn eile.

Chinn an tOmbudsman nach raibh an tÁrachaí ag cloí go cuí le téarmaí agus coinníollacha an pholasaí ná á gcomhlíonadh; níor coinníodh an fheithicil i riocht inbhóthair. Dá réir sin, ní fhéadfaí seasamh leis an éileamh, agus bhí an Chuideachta i dteideal diúltú don éileamh.

Staidéar ar Chás 12: Éileamh ar Dhliteanas Fostóra (Níor Seasamh Leis)

Trádálaithe aonair a bhí sna Gearánaithe sa chás seo. Bhí polasaí árachais acu a bhí frithghealltа ag an Soláthar a chuir clúdach ar fáil le haghaidh dliteanas poiblí/táirgí, timpiste pearsanta agus dliteanas fostóra.

Bhain an gearán a cuireadh faoi bhráid an Ombudsman le héileamh faoi roinn dliteanas an fhostóra sa pholasaí, tar éis d'iarfhostaí éileamh ar ghortú pearsanta a dhéanamh i gcoinne na nGearánaithe. Dhiúltaigh an Soláthróir an dliteanas don éileamh ar an mbonn go raibh dhá choinníoll fhasach dliteanais sáraithe ag na Gearánaithe faoin bpolasaí mar (a) gur theip orthu fógra a thabhairt don Soláthróir laistigh de thréimhse réasúnta ama faoin éileamh ionchasach faoin bpolasaí agus (b) nuair a rinne siad é sin, gur theip orthu cloí le coinníollacha an pholasaí agus iad a chomhlíonadh.

D'áitigh an Soláthróir gur fasach ar dhliteanas an fhrithghealltóra iad na Connnníollacha Ginearálta seo ar aon éileamh faoin bpolasaí. Dúirt an Soláthróir nár tugadh aon fhógra dó faoin eachtra go ceann 3 bliana tar éis di tarlú, in ainneoin na riachtanas seo, agus faoin am sin go raibh dochar suntasach déanta dá sheasamh.

Gan trácht a dhéanamh ar chúis ná ar nádúr na timpiste a bhí i gceist, níor chosúil go raibh aon aighneas idir na páirtithe faoi gur gortaíodh iarfhostaí de chuid na Cuideachta sa láthair oibre in earrach na bliana 2001. Ba choinníoll de chuid pholasaí na nGearánaithe é go gcaithfidh sealbhóir an pholasaí "chomh luath agus is féidir go praiticiúil' fógra a thabhairt don Soláthar i scríbhinn faoi aon eachtra "a d'fhéadfadh éileamh a spreagadh" faoin bpolasaí, agus aon fhaisnéis riachtanach a sholáthar don Soláthróir ina taobh. Bhí an cháipéis pholasaí soiléir agus gan débhrí faoi seo.

Thacaigh na haighneachtaí le cás na nGearánaí nár cuireadh ar an eolas iad faoin éileamh ar ghortú pearsanta a bheith á thabhairt ina gcoinne san Ard-Chúirt go dtí earrach na bliana 2004. Thaispeáin na haighneachtaí chomh maith áfach go raibh na Gearánaithe eolach faoin timpiste nuair a tharla sé, timpeall trí bliana roimhe sin. Cibé tuairim a bhí ag na Gearánaithe féin ag an am faoi nádúr nó faoi chúis na timpiste nó faoin dóchúlacht go bhféadfadh éileamh éirí as, nuair a scrúdaíodh an fhianaise a cuireadh faoi bhráid, ba é tuairim an Ombudsman go mbeadh sé réasúnta do na Gearánaithe a mheas go bhféadfadh éileamh éirí as an eachtra i gcoinne roinn dliteanas fostóra a bpolasaí árachais. Sna tosca seo, d'éiligh an polasaí go gcuirfí in iúl don Soláthróir faoin eachtra chomh luath agus a bheadh réasúnta. Níor tugadh aon fhógra faoin eachtra don Soláthróir go ceann trí bliana tar éis dó tarlú. Theip ar na Gearánaithe dá bhrí sin cloí leis na téarmaí agus coinníollacha agus ghníomhaigh siad agus sháraigh siad iad, agus ar dhéanamh sin dóibh, rinne siad dochar do chumas an tSoláthróra fiosrú agus cosaint shásúil a dhéanamh ar an ngníomh.

Sna tosca seo, chinn an tOmbudsman go raibh an Soláthróir i dteideal dliteanas a dhiúltú i leith éileamh an Ghearánaí. Níor seasadh leis an ngearán.

59

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

## Staidéar ar Chás 13: Malartú Eachtrannach Miondíola (Seasamh Leis)

Theastaigh ón nGearánaí $61,630 a iompú go Euro. D'iarr an Gearánaí comhairle ón mBanc agus moladh di cuntas Demand Dollar a oscailt, rud a rinne sí ar 2 Iúil 2010. Bhí an Gearánaí in ann faire ar na rátaí malartáin ansin agus cinneadh a dhéanamh na cistí a bhí aici a iompú ó dollar go Euro nuair a bhí an ráta is fearr ar fáil. D'iarr an Gearánaí comhairle ó chuid d'fhostóirí an Bhainc Freagróra faoi seo i gcraobhacha éagsúla agus mhaígh sí gur tugadh comhairle nach raibh ag teacht le chéile di.

D'áitigh an Gearánaí nach raibh aon eolas aici faoi mhalartáin eachtracha agus mar sin go raibh uirthi muinín a chur i bhfoireann an Bhainc. Ba é an príomhsprioc a bhí ag an nGearánaí tuairim gharbh a fháil faoin am b'fhearr le malartú a dhéanamh. Dúirt an Gearánaí go bhfuair sín an oiread sin tuairimí a bhí ag teacht salach ar a chéile gur cuireadh mearbhall uirthi. D'iarr an Gearánaí ar an mBanc na rátaí ba ísle agus ba airde a ríomh agus mhaígh sí gur chaill sí timpeall €3,500 san idirbheart mar gheall ar an drochoiliúint a bhí tugtha d'fhoireann an Bhainc.

Dúirt an Banc gur chuir siad ráta malartáin ar fáil don Ghearánaí nuair a d'fhreastail sí ar an mBanc ach nár thug siad aon chomhairle di maidir leis an ráta malartáin is fearr. D'áitigh an Banc nach raibh sé de chleachtas ag baill foirne na gcraobhacha comhairle a chur ar chustaiméirí mar gheall ar rátaí sa todhchaí mar go mbíonn luaineacht laethúil i rátaí Malartáin Eachtracha.

D'áitigh an Gearánaí nár iarr sí comhairle ón mBanc ar mhaithe le hamhantracht a dhéanamh ar rátaí malartáin dollar/euro le brabús a dhéanamh as na cistí. Dúirt an Gearánaí: "Ní raibh uaim ach a fháil amach ar cheart díol nuair a bhíonn na rátaí ard nó íseal, sin an méid. Níor theastaigh uaim go mbeadh aon bhall den bhfoireann ag tuar gluaiseacht eacnamaíocht airgeadais an domhain ach tá an scéal casta sa treo sin acu."

Bhí aistarraingtí déanta ag an nGearánaí idir 5 Iúil 2010 agus 30 Meán Fómhair 2010, agus mhaígh sí gur aistrigh sí na dollair ar chomhairle an Bhainc nuair a bhí na rátaí malartáin ard nuair a bheadh sé níos tairbhí na dollair a dhíol nuair a bhí na rátaí malartáin íseal.

Ba léir ó na haighneachtaí gur thug an Banc comhairle don Ghearánaí maidir leis na buntáistí a bhain le Cuntas Dollar Demand a oscailt nuair a tháinig an Gearánaí chucu ag lorg comhairle faoin gcaoi ba oiriúnaí le dollair a lóisteáil, mar nach raibh sé ar intinn aici na Dollair a iompú go euro láithreach. Ag an am a d'oscail an Gearánaí an cuntas, bhí an Banc den tuairim go raibh sé ar intinn aici faire ar na rátaí a bhí ar tairiscint ar bhonn rialta agus an malartú a chur i gcrích ansin. D'áitigh an Banc go thug siad le fios don Ghearánaí ón tús go mbeadh uirthi faire ar na rátaí, mar nach raibh sé de pholasaí ag an mBanc comhairle a thabhairt faoi luaineacht rátaí, mar gheall ar chomh minic is a athraíonn rátaí malartáin.

Ghlac an tOmbudsman leis nach raibh sé de pholasaí ag foireann an Bhainc comhairle shonrach ná treoir a thabhairt maidir le hairgeadra eachtrach a athrú nó a mhalartú. Ghlac sé leis freisin áfach nach raibh ach treoir ghinearálta ón nGearánaí faoin arbh fhear díol nuair a bhíonn an dollar láidir nó lag. Bhí sé seo éagsúil ó chomhairle shonrach a lorg faoi dhíol ag ráta aitheanta laethúil, rud a bheadh contrártha go soiléir le polasaí luaite an Bhainc.

Léirigh an fhianaise go ndearna an Gearánaí aistarraingtí go leanúnach nuair a bhí an ráta athraithe ard. Rinne an Gearánaí an cás go ndearna sí an cinneadh na bearta a chur i gcrích ar na dátaí seo bunaithe ar fhaisnéis a fuair sí ón mBanc. Bhí an tOmbudsman sásta, ag an am a d'oscail an Gearánaí an cuntas, go raibh sé ar intinn aici aistarraingtí leanúnacha a dhéanamh d'fhonn leas a bhaint as na rátaí b'fhabhraí agus gur chuir sí bearta i gcrích go leanúnach nuair a bhí na rátaí aistrithe ard. Bhí áiteamh an Ghearánaí go ndearna sí an cinneadh seo tar éis faisnéis a fháil ón mBanc ag teacht le patrún na mbeart. Ach ní raibh sé soiléir conas ar iarradh an fhaisnéis. Ba chosúil gur fiosrúcháin neamhfhoirmiúla a rinneadh le baill foirne agus má tugadh faisnéis, agus is cosúil gur tugadh, níor chreid an



## Staidéar ar Chás 13: Malartú Eachtrannach Miondíola (Seasamh Leis)

Theastaigh ón nGearánaí $61,630 a iompú go Euro. D'iarr an Gearánaí comhairle ón mBanc agus moladh di cuntas Demand Dollar a oscailt, rud a rinne sí ar 2 Iúil 2010. Bhí an Gearánaí in ann faire ar na rátaí malartáin ansin agus cinneadh a dhéanamh na cistí a bhí aici a iompú ó dollar go Euro nuair a bhí an ráta is fearr ar fáil. D'iarr an Gearánaí comhairle ó chuid d'fhostóirí an Bhainc Freagróra faoi seo i gcraobhacha éagsúla agus mhaígh sí gur tugadh comhairle nach raibh ag teacht le chéile di.

D'áitigh an Gearánaí nach raibh aon eolas aici faoi mhalartáin eachtracha agus mar sin go raibh uirthi muinín a chur i bhfoireann an Bhainc. Ba é an príomhsprioc a bhí ag an nGearánaí tuairim gharbh a fháil faoin am b'fhearr le malartú a dhéanamh. Dúirt an Gearánaí go bhfuair sín an oiread sin tuairimí a bhí ag teacht salach ar a chéile gur cuireadh mearbhall uirthi. D'iarr an Gearánaí ar an mBanc na rátaí ba ísle agus ba airde a ríomh agus mhaígh sí gur chaill sí timpeall €3,500 san idirbheart mar gheall ar an drochoiliúint a bhí tugtha d'fhoireann an Bhainc.

Dúirt an Banc gur chuir siad ráta malartáin ar fáil don Ghearánaí nuair a d'fhreastail sí ar an mBanc ach nár thug siad aon chomhairle di maidir leis an ráta malartáin is fearr. D'áitigh an Banc nach raibh sé de chleachtas ag baill foirne na gcraobhacha comhairle a chur ar chustaiméirí mar gheall ar rátaí sa todhchaí mar go mbíonn luaineacht laethúil i rátaí Malartáin Eachtracha.

D'áitigh an Gearánaí nár iarr sí comhairle ón mBanc ar mhaithe le hamhantracht a dhéanamh ar rátaí malartáin dollar/euro le brabús a dhéanamh as na cistí. Dúirt an Gearánaí: "Ní raibh uaim ach a fháil amach ar cheart díol nuair a bhíonn na rátaí ard nó íseal, sin an méid. Níor theastaigh uaim go mbeadh aon bhall den bhfoireann ag tuar gluaiseacht eacnamaíocht airgeadais an domhain ach tá an scéal casta sa treo sin acu."

Bhí aistarraingtí déanta ag an nGearánaí idir 5 Iúil 2010 agus 30 Meán Fómhair 2010, agus mhaígh sí gur aistrigh sí na dollair ar chomhairle an Bhainc nuair a bhí na rátaí malartáin ard nuair a bheadh sé níos tairbhí na dollair a dhíol nuair a bhí na rátaí malartáin íseal.

Ba léir ó na haighneachtaí gur thug an Banc comhairle don Ghearánaí maidir leis na buntáistí a bhain le Cuntas Dollar Demand a oscailt nuair a tháinig an Gearánaí chucu ag lorg comhairle faoin gcaoi ba oiriúnaí le dollair a lóisteáil, mar nach raibh sé ar intinn aici na Dollair a iompú go euro láithreach. Ag an am a d'oscail an Gearánaí an cuntas, bhí an Banc den tuairim go raibh sé ar intinn aici faire ar na rátaí a bhí ar tairiscint ar bhonn rialta agus an malartú a chur i gcrích ansin. D'áitigh an Banc go thug siad le fios don Ghearánaí ón tús go mbeadh uirthi faire ar na rátaí, mar nach raibh sé de pholasaí ag an mBanc comhairle a thabhairt faoi luaineacht rátaí, mar gheall ar chomh minic is a athraíonn rátaí malartáin.

Ghlac an tOmbudsman leis nach raibh sé de pholasaí ag foireann an Bhainc comhairle shonrach ná treoir a thabhairt maidir le hairgeadra eachtrach a athrú nó a mhalartú. Ghlac sé leis freisin áfach nach raibh ach treoir ghinearálta ón nGearánaí faoin arbh fhear díol nuair a bhíonn an dollar láidir nó lag. Bhí sé seo éagsúil ó chomhairle shonrach a lorg faoi dhíol ag ráta aitheanta laethúil, rud a bheadh contrártha go soiléir le polasaí luaite an Bhainc.

Léirigh an fhianaise go ndearna an Gearánaí aistarraingtí go leanúnach nuair a bhí an ráta athraithe ard. Rinne an Gearánaí an cás go ndearna sí an cinneadh na bearta a chur i gcrích ar na dátaí seo bunaithe ar fhaisnéis a fuair sí ón mBanc. Bhí an tOmbudsman sásta, ag an am a d'oscail an Gearánaí an cuntas, go raibh sé ar intinn aici aistarraingtí leanúnacha a dhéanamh d'fhonn leas a bhaint as na rátaí b'fhabhraí agus gur chuir sí bearta i gcrích go leanúnach nuair a bhí na rátaí aistrithe ard. Bhí áiteamh an Ghearánaí go ndearna sí an cinneadh seo tar éis faisnéis a fháil ón mBanc ag teacht le patrún na mbeart. Ach ní raibh sé soiléir conas ar iarradh an fhaisnéis. Ba chosúil gur fiosrúcháin neamhfhoirmiúla a rinneadh le baill foirne agus má tugadh faisnéis, agus is cosúil gur tugadh, níor chreid an

60

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

tOmbudsman gur chuir an Banc ar fáil í ar bhealach fhoirmiúil ar bhonn iarratais shoiléir. Bhí sé seo ag teacht leis an bhfianaise gur iarr an Gearánaí comhairle ar bhaill éagsúla den bhfoireann agus go bhfuair sí freagraí uathu a bhí ag teacht salach ar a chéile.

Bhí an tOmbudsman sásta gur thug an banc faisnéis don Ghearánaí mar fhreagra ar fhiosruithe ginearálta ar cheart di díol nuair a bhí an dollar láidir nó lag. Ba é a thuairim go raibh an Gearánaí i dteideal dá réir sin cúiteamh éigin a fháil ar son an chaillteanais a tabhadh mar thoradh díreach ar bhrath ar an fhaisnéis seo. Ba ghá é seo a chur in aghaidh na fírice gur iarradh an fhaisnéis ar bhealach neamhfhoirmiúil áfach. Cé gur laghdaíodh an oiread a sháraigh an Banc a chód cleachtais féin, ní mór d'fhostaithe Bainc a chuireann faisnéis ar fáil a bheith cúramach agus iad á dhéanamh seo ina gcumas gairmiúil, fiú ar bhonn neamhfhoirmiúil. Ach bhí sé admhaithe ag an Ghearánaí féin go bhfuair sí faisnéis chontrártha agus nár iarr sí soiléiriú faoin seasamh ba chirte, agus mar sin bhí a teidlíocht le haghaidh cúitimh don chaillteanas uile laghdaithe dá réir.

Dúirt an Gearánaí gur mheas an Banc go raibh timpeall €3,500 caillte aici ach bhí sé sin bunaithe ar an mbeart a chur i gcrích ag an luach optamach ar gach ócáid agus bhí an measúnú déanta le buntáiste iarbhreithniú nuair a bhí luach an dollar ar aon dáta ar leith á mheas.

Nuair a cuireadh an fhíric seo, agus teip an Ghearánaí soiléiriú a fháil faoin cén fhaisnéis a bhí cruinn, agus gur theip uirthi comhairle fhoirmiúil a lorg ón mBanc, san áireamh bhí an tOmbudsman den tuairim go mbeadh €750 oiriúnach mar chúiteamh don chaillteanas a bhí ann don Ghearánaí agus go mbeadh sé ina léiriú cruinn ar thionchar an Bhainc ar na cinntí a rinne an Gearánaí.

### Staidéar ar Chás 14: Mídhíol Infheistíochta (Níor Seasadh Leis)

Dhíol a Bhanc infheistíocht ghiaráilte leis an nGearánaí. Dúirt an Gearánaí ná tugadh comhairle riamh dó faoi aon riosca a bhain leis an infheistíocht.

Dúirt an Gearánaí gur dhíol a Bhanc táirge míchuí agus míchruinn airgeadais leis agus go raibh caillteanas iarmhartach airgeadais air dá bharr. Dúirt an Gearánaí:

— Nach raibh deis aige athbhreithniú a dhéanamh ar na cáipéisí a shínigh sé le linn cruinniú infheistíochta; agus
— Go raibh cáipéisí éagsúla comhlánaithe cheana féin ag Oifigeach Bainc ainmnithe ag an gcruinniú infheistíochta nó roimh ré agus nach ndearna sé ach a iarraidh ar an nGearánaí a shíniú a chur leis.

Níor cuireadh comhairle riamh air faoi na rioscaí a ghabhann le hinfheistíocht ghiaráilte.

Tar éis an gearán a fhiosrú, dheimhnigh an Banc go bhfuair an Gearánaí infheistíocht a bhí oiriúnach dá riachtanais agus dá chuspóirí airgeadais. Dúirt an Banc go raibh na cáipéisí ábhartha infheistíochta go léir tugtha don Ghearánaí agus nár bhain sé leas as an tréimhse mharana, agus go bhféadfaí a thuiscint as sin go raibh an Gearánaí sásta leis an infheistíocht. Léiríodh sa bhfianaise:

a) Nach raibh aon fhianaise ann go raibh cáipéisí éagsúla comhlánaithe ag Oifigeach bainc ainmnithe ag nó roimh an cruinniú infheistíochta agus gur iarradh ar an nGearánaí a shíniú a chur le cáipéisí comhlánaithe.
b) Gur shínigh an Gearánaí an cháipéis Fact-Find agus an t-iarratas ábhartha don táirge infheistíochta dá dheoin féin agus gan srianta.
c) Gur chosúil go raibh gnéithe na hinfheistíochta, agus aon riosca a bhain leis, mínithe don Ghearánaí agus gur cinnte go raibh siad imlínithe sna cáipéisí a tugadh don Ghearánaí.

Níos seasadh leis an ngearán.



tOmbudsman gur chuir an Banc ar fáil í ar bhealach fhoirmiúil ar bhonn iarratais shoiléir. Bhí sé seo ag teacht leis an bhfianaise gur iarr an Gearánaí comhairle ar bhaill éagsúla den bhfoireann agus go bhfuair sí freagraí uathu a bhí ag teacht salach ar a chéile.

Bhí an tOmbudsman sásta gur thug an banc faisnéis don Ghearánaí mar fhreagra ar fhiosruithe ginearálta ar cheart di díol nuair a bhí an dollar láidir nó lag. Ba é a thuairim go raibh an Gearánaí i dteideal dá réir sin cúiteamh éigin a fháil ar son an chaillteanais a tabhadh mar thoradh díreach ar bhrath ar an fhaisnéis seo. Ba ghá é seo a chur in aghaidh na fírice gur iarradh an fhaisnéis ar bhealach neamhfhoirmiúil áfach. Cé gur laghdaíodh an oiread a sháraigh an Banc a chód cleachtais féin, ní mór d'fhostaithe Bainc a chuireann faisnéis ar fáil a bheith cúramach agus iad á dhéanamh seo ina gcumas gairmiúil, fiú ar bhonn neamhfhoirmiúil. Ach bhí sé admhaithe ag an Ghearánaí féin go bhfuair sí faisnéis chontrártha agus nár iarr sí soiléiriú faoin seasamh ba chirte, agus mar sin bhí a teidlíocht le haghaidh cúitimh don chaillteanas uile laghdaithe dá réir.

Dúirt an Gearánaí gur mheas an Banc go raibh timpeall €3,500 caillte aici ach bhí sé sin bunaithe ar an mbeart a chur i gcrích ag an luach optamach ar gach ócáid agus bhí an measúnú déanta le buntáiste iarbhreithniú nuair a bhí luach an dollar ar aon dáta ar leith á mheas.

Nuair a cuireadh an fhíric seo, agus teip an Ghearánaí soiléiriú a fháil faoin cén fhaisnéis a bhí cruinn, agus gur theip uirthi comhairle fhoirmiúil a lorg ón mBanc, san áireamh bhí an tOmbudsman den tuairim go mbeadh €750 oiriúnach mar chúiteamh don chaillteanas a bhí ann don Ghearánaí agus go mbeadh sé ina léiriú cruinn ar thionchar an Bhainc ar na cinntí a rinne an Gearánaí.

Staidéar ar Chás 14: Mídhíol Infheistíochta (Níor Seasadh Leis)

Dhíol a Bhanc infheistíocht ghiaráilte leis an nGearánaí. Dúirt an Gearánaí ná tugadh comhairle riamh dó faoi aon riosca a bhain leis an infheistíocht.

Dúirt an Gearánaí gur dhíol a Bhanc táirge míchuí agus míchruinn airgeadais leis agus go raibh caillteanas iarmhartach airgeadais air dá bharr. Dúirt an Gearánaí:

— Nach raibh deis aige athbhreithniú a dhéanamh ar na cáipéisí a shínigh sé le linn cruinniú infheistíochta; agus
— Go raibh cáipéisí éagsúla comhlánaithe cheana féin ag Oifigeach Bainc ainmnithe ag an gcruinniú infheistíochta nó roimh ré agus nach ndearna sé ach a iarraidh ar an nGearánaí a shíniú a chur leis.

Níor cuireadh comhairle riamh air faoi na rioscaí a ghabhann le hinfheistíocht ghiaráilte.

Tar éis an gearán a fhiosrú, dheimhnigh an Banc go bhfuair an Gearánaí infheistíocht a bhí oiriúnach dá riachtanais agus dá chuspóirí airgeadais. Dúirt an Banc go raibh na cáipéisí ábhartha infheistíochta go léir tugtha don Ghearánaí agus nár bhain sé leas as an tréimhse mharana, agus go bhféadfaí a thuiscint as sin go raibh an Gearánaí sásta leis an infheistíocht. Léiríodh sa bhfianaise:

a) Nach raibh aon fhianaise ann go raibh cáipéisí éagsúla comhlánaithe ag Oifigeach bainc ainmnithe ag nó roimh an cruinniú infheistíochta agus gur iarradh ar an nGearánaí a shíniú a chur le cáipéisí comhlánaithe.
b) Gur shínigh an Gearánaí an cháipéis Fact-Find agus an t-iarratas ábhartha don táirge infheistíochta dá dheoin féin agus gan srianta.
c) Gur chosúil go raibh gnéithe na hinfheistíochta, agus aon riosca a bhain leis, mínithe don Ghearánaí agus gur cinnte go raibh siad imlínithe sna cáipéisí a tugadh don Ghearánaí.

Níos seasadh leis an ngearán.

61

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

## Staidéar ar Chás 15: Biúró Creidmheasa na hÉireann (Seasadh Leis)

D'eagraigh an Gearánaí iasacht phearsanta leis an mBanc a bhí le haisíoc i 48 ngála.

Ní raibh an Gearánaí in ann a chuid aisíocaíochtaí a dhéanamh agus rinne Tríú Páirtí teagmháil leis thar ceann an Bhainc a bhí ag iarraidh an tsuim den iasacht a bhí gan íoc a bhailiú. D'aontaigh an Gearánaí le híocaíocht aon uair a dhéanamh leis an gcuntas a réiteach. Tar éis don chuntas a bheith réitithe, fuair an Gearánaí amach go raibh taifead fágtha ag an mBanc le Biúró Creidmheasa na hÉireann gur ob an Gearánaí íocaíochta agus gur mhainnigh sé ar a chuntas.

Rinne an Gearánaí agóid in aghaidh na faisnéise seo a bhí taifeadta ag an mBanc le Biúró Creidmheas na hÉireann.

Mar chuid dá imscrúdú d'iarr an tOmbudsman cóip den chomhaontú iasachta ón mBanc. Ní raibh an Banc in ann cóip de chomhaontú iasachta an Ghearánaí a sholáthar áfach.

Sna cúinsí sin bhí imní ar an Ombudsman mura raibh an Banc in ann teacht ar chomhaontú iasachta an Ghearánaí nach bhféadfadh sé a rá conas ar bhris an Gearánaí téarmaí a chomhaontú leis an mBanc, nó gur bhris sé ar chor ar bith iad. Dá thoradh sin, mura raibh an Banc in ann a rá cad a bhí déanta ag an nGearánaí lena chomhaontú iasachta a shárú, ní raibh sé ar chumas an Ombudsman a fheiceáil go raibh sé cóir don Bhanc aon sárú a thaifeadadh le Biúró Creidmheasa na hÉireann.

Luaigh an tOmbudsman go ndéantar foráil i gCaibidil 2.49 den Chód um Chosaint Tomhaltóirí *"nach mór d'aonán rialaithe taifead tomhaltóra suas chun dáta a chothabháil ina mbeadh ceann díobh seo a leanas ar a laghad... f) gach cáipéis nó iarratas atá sínithe ag an tomhaltóir... ní mór sonraí faoi bhearta aonair a choinneáil ar feadh 6 bliana tar éis dáta an bhirt. Ní mór gach taifead eile atá riachtanach faoi a) go h) thuas a choinneáil ar feadh 6 bliana ón dáta a dtagann deireadh leis an gcaidreamh."*

Mar go raibh an comhaontú iasachta ar iarraidh ba é tuairim an Ombudsman nach raibh an Banc i dteideal taifeadadh a dhéanamh go raibh riaráiste ar an nGearánaí nó gur loic é in íoc na hiasachta.

Seasadh leis an nGearán.

D'ordaigh an tOmbudsman dá réir don Bhanc taifead an chomhaontú iasachta seo a bhaint go hiomlán de bhunachar sonraí Bhiúró Creidmheasa na hÉireann.

## Staidéar ar Chás 16: Polasaí Saoil (Níor Seasadh Leis)

Thosaigh na Gearánaithe polasaí saoil leis an gCuideachta freagróra i mí Mheithimh 2009. Plean neamhiata aonad-nasctha a bhí i bpolasaí an Ghearánaí.

D'áitigh na Gearánaithe go ndearna an Chuideachta athbhreithniú ar a bpolasaí le déanaí, agus de thoradh an athbhreithnithe seo, tháinig méadú 200% ar phréimh na ngearánaithe don leibhéal céanna clúdaigh.

Ba é tátal an ghearáin go ndearna an Chuideachta éagórach ar phréimh na nGearánaithe maidir lena gclúdach, i dtosca inar fhan a leibhéal clúdaigh gan athrú.

Dúradh é seo a leanas i gclásal athbhreithnithe an cháipéis Polasaí Saoil:



## Staidéar ar Chás 15: Biúró Creidmheasa na hÉireann (Seasadh Leis)

D'eagraigh an Gearánaí iasacht phearsanta leis an mBanc a bhí le haisíoc i 48 ngála.

Ní raibh an Gearánaí in ann a chuid aisíocaíochtaí a dhéanamh agus rinne Tríú Páirtí teagmháil leis thar ceann an Bhainc a bhí ag iarraidh an tsuim den iasacht a bhí gan íoc a bhailiú. D'aontaigh an Gearánaí le híocaíocht aon uair a dhéanamh leis an gcuntas a réiteach. Tar éis don chuntas a bheith réitithe, fuair an Gearánaí amach go raibh taifead fágtha ag an mBanc le Biúró Creidmheasa na hÉireann gur ob an Gearánaí íocaíochta agus gur mhainnigh sé ar a chuntas.

Rinne an Gearánaí agóid in aghaidh na faisnéise seo a bhí taifeadta ag an mBanc le Biúró Creidmheas na hÉireann.

Mar chuid dá imscrúdú d'iarr an tOmbudsman cóip den chomhaontú iasachta ón mBanc. Ní raibh an Banc in ann cóip de chomhaontú iasachta an Ghearánaí a sholáthar áfach.

Sna cúinsí sin bhí imní ar an Ombudsman mura raibh an Banc in ann teacht ar chomhaontú iasachta an Ghearánaí nach bhféadfadh sé a rá conas ar bhris an Gearánaí téarmaí a chomhaontú leis an mBanc, nó gur bhris sé ar chor ar bith iad. Dá thoradh sin, mura raibh an Banc in ann a rá cad a bhí déanta ag an nGearánaí lena chomhaontú iasachta a shárú, ní raibh sé ar chumas an Ombudsman a fheiceáil go raibh sé cóir don Bhanc aon sárú a thaifeadadh le Biúró Creidmheasa na hÉireann.

Luaigh an tOmbudsman go ndéantar foráil i gCaibidil 2.49 den Chód um Chosaint Tomhaltóirí *"nach mór d'aonán rialaithe taifead tomhaltóra suas chun dáta a chothabháil ina mbeadh ceann díobh seo a leanas ar a laghad... f) gach cáipéis nó iarratas atá sínithe ag an tomhaltóir... ní mór sonraí faoi bhearta aonair a choinneáil ar feadh 6 bliana tar éis dáta an bhirt. Ní mór gach taifead eile atá riachtanach faoi a) go h) thuas a choinneáil ar feadh 6 bliana ón dáta a dtagann deireadh leis an gcaidreamh."*

Mar go raibh an comhaontú iasachta ar iarraidh ba é tuairim an Ombudsman nach raibh an Banc i dteideal taifeadadh a dhéanamh go raibh riaráiste ar an nGearánaí nó gur loic é in íoc na hiasachta.

Seasadh leis an nGearán.

D'ordaigh an tOmbudsman dá réir don Bhanc taifead an chomhaontú iasachta seo a bhaint go hiomlán de bhunachar sonraí Bhiúró Creidmheasa na hÉireann.

## Staidéar ar Chás 16: Polasaí Saoil (Níor Seasadh Leis)

Thosaigh na Gearánaithe polasaí saoil leis an gCuideachta freagróra i mí Mheithimh 2009. Plean neamhiata aonad-nasctha a bhí i bpolasaí an Ghearánaí.

D'áitigh na Gearánaithe go ndearna an Chuideachta athbhreithniú ar a bpolasaí le déanaí, agus de thoradh an athbhreithnithe seo, tháinig méadú 200% ar phréimh na ngearánaithe don leibhéal céanna clúdaigh.

Ba é tátal an ghearáin go ndearna an Chuideachta éagórach ar phréimh na nGearánaithe maidir lena gclúdach, i dtosca inar fhan a leibhéal clúdaigh gan athrú.

Dúradh é seo a leanas i gclásal athbhreithnithe an cháipéis Polasaí Saoil:

62

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

*"Ar gach dáta Athbhreithniú Polasaí déanfaidh Achtúire na Cuideachta:*

*Athbhreithniú Tháille an Pholasaí agus féadfaidh sé é a choigeartú go leibhéal a bheidh comhoiriúnach leis an scála atá á ghearradh ag an gCuideachta le haghaidh polasaithe cosúla nó go leibhéal a mheasann Achtúire na Cuideachta a bheith oiriúnach."*

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí an Ghearánaí, chuir an Chuideachta in iúl do na Gearánaithe nach mbeadh a bpréimh mhíosúil móide luach an chiste a ghabh leis in ann a gcuid sochar Clúdach Saoil a chothabháil go dtí an chéad Dáta Athbhreithniú Plean a bhí sceidealta do 1 Meitheamh 2016. Chinn an tOmbudsman nach raibh préimh na nGearánaithe dóthanach lena leibhéal reatha clúdach saoil a chothabháil, go raibh an ceart ag an gCuideachta a iarraidh ar na Gearánaithe a bpréimh a ardrú nó a leibhéal clúdaigh a ísliú.

## Staidéar ar Chás 17: Luachanna Aistriú Pinsin (Seasamh Leis i bPáirt)

Bhí cúig pholasaí pinsin ag an nGearánaí le Cuideachta Árachas Saoil. D'fhostaigh an Gearánaí seirbhísí Chuideachta Árachas Saoil eile le comhairle a chur air faoi phlean éagsúil pinsin a bhunú dá dhul ar scor. Chomhairligh an Chuideachta nua Árachas Saoil don Ghearánaí a chistí pinsin a aistriú ón bplean pinsin a bhí aige cheana go plean nuabunaithe pinsin. Fuarthas luachanna aistrithe ón gCuideachta Árachas Saoil a bhí ag an nGearánaí cheana agus cuireadh an t-aistriú i gcrích. Fuair an Gearánaí amach dá éis sin áfach go raibh an t-aistriú curtha i gcrích ar bhonn luachanna aistrithe níos ísle, rud a d'fhág ganníocaíocht €15,000.

Ba é an gearán ná gur theip ar an bhFreagróir na luachanna cearta aistrithe a chur i bhfeidhm maidir le haistriú pholasaithe pinsin an Ghearánaí. Dúirt an Gearánaí go raibh taifeadadh fuaime aige mar thaca lena áiteamh.

Tar éis an gearán a fhiosrú d'áitigh an Chuideachta Árachas Saoil gur úsáideadh na luachanna cearta aistrithe nuair a bhí na cistí pinsin á n-aistriú go ciste nua pinsin an Ghearánaí. De réir na fianaise:

a) Ba bheag an chabhair an taifeadadh ar ghlaonna teileafóin leis an cheist a shoiléiriú.
b) Thaispeáin na páirtithe ina n-iompar agus ina gcomhfhreagras (lena n-áirítear comhrá teileafóin) nach mbeadh feidhm le feidhmiú dian téarmaí agus choinníollacha na bpolasaithe.
c) Bhí téarmaí agus coinníollacha na bpolasaithe pinsin bunaidh míshoiléir maidir leis an dáta agus an luach a bhí infheidhme.
d) Bhí easpa soiléireachta sa chumarsáid (i scríbhinn agus ó bhéal) idir na páirtithe.

Ní an cás soiléir, agus mar iarracht le bheith cóir don dá pháirtí, bheartaigh an tOmbudsman go roinnfí an difríocht idir an dá luach aistrithe a roinnt go cothrom idir na páirtithe. Seasamh leis an ngearán seo i bpáirt.

## Staidéar ar Chás 18: Árachas Peata (Seasamh Leis)

Ar 3 Meitheamh 2006 thosaigh an Gearánaí Polasaí Árachas Peata dá Rottweiler; stróic an madra a ballnasc croiseach dheis i mí na Samhna 2009. Níos mó ná 3 bliana roimhe sin, i mí Mheithimh 2006, sa chéad 14 lá den pholasaí, bhí an ballnasc croiseach clé gortaithe ag an madra, ach ní raibh aon deacracht ann idir an dá eachtra.

Dhiúltaigh an Chuideachta éileamh an Ghearánaí ar shochar ar an mbonn go raibh baint ag bacadaíl chos deiridh deis an mhadra leis an "ngalar croiseach" a dúirt an Chuideachta a thosaigh i mí Mheithimh 2006. Rinne an Chuideachta tagairt don fhoráil pholasaí a dúirt nach gcuirfí clúdach ar fáil le haghaidh:



"Ar gach dáta Athbhreithniú Polasaí déanfaidh Achtúire na Cuideachta:

Athbhreithniú Tháille an Pholasaí agus féadfaidh sé é a choigeartú go leibhéal a bheidh comhoiriúnach leis an scála atá á ghearradh ag an gCuideachta le haghaidh polasaithe cosúla nó go leibhéal a mheasann Achtúire na Cuideachta a bheith oiriúnach."

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí an Ghearánaí, chuir an Chuideachta in iúl do na Gearánaithe nach mbeadh a bpréimh mhíosúil móide luach an chiste a ghabh leis in ann a gcuid sochar Clúdach Saoil a chothabháil go dtí an chéad Dáta Athbhreithniú Plean a bhí sceidealta do 1 Meitheamh 2016. Chinn an tOmbudsman nach raibh préimh na nGearánaithe dóthanach lena leibhéal reatha clúdach saoil a chothabháil, go raibh an ceart ag an gCuideachta a iarraidh ar na Gearánaithe a bpréimh a ardrú nó a leibhéal clúdaigh a ísliú.

Staidéar ar Chás 17: Luachanna Aistriú Pinsin (Seasamh Leis i bPáirt)

Bhí cúig pholasaí pinsin ag an nGearánaí le Cuideachta Árachas Saoil. D'fhostaigh an Gearánaí seirbhísí Chuideachta Árachas Saoil eile le comhairle a chur air faoi phlean éagsúil pinsin a bhunú dá dhul ar scor. Chomhairligh an Chuideachta nua Árachas Saoil don Ghearánaí a chistí pinsin a aistriú ón bplean pinsin a bhí aige cheana go plean nuabunaithe pinsin. Fuarthas luachanna aistrithe ón gCuideachta Árachas Saoil a bhí ag an nGearánaí cheana agus cuireadh an t-aistriú i gcrích. Fuair an Gearánaí amach dá éis sin áfach go raibh an t-aistriú curtha i gcrích ar bhonn luachanna aistrithe níos ísle, rud a d'fhág ganníocaíocht €15,000.

Ba é an gearán ná gur theip ar an bhFreagróir na luachanna cearta aistrithe a chur i bhfeidhm maidir le haistriú pholasaithe pinsin an Ghearánaí. Dúirt an Gearánaí go raibh taifeadadh fuaime aige mar thaca lena áiteamh.

Tar éis an gearán a fhiosrú d'áitigh an Chuideachta Árachas Saoil gur úsáideadh na luachanna cearta aistrithe nuair a bhí na cistí pinsin á n-aistriú go ciste nua pinsin an Ghearánaí. De réir na fianaise:

a) Ba bheag an chabhair an taifeadadh ar ghlaonna teileafóin leis an cheist a shoiléiriú.
b) Thaispeáin na páirtithe ina n-iompar agus ina gcomhfhreagras (lena n-áirítear comhrá teileafóin) nach mbeadh feidhm le feidhmiú dian téarmaí agus choinníollacha na bpolasaithe.
c) Bhí téarmaí agus coinníollacha na bpolasaithe pinsin bunaidh míshoiléir maidir leis an dáta agus an luach a bhí infheidhme.
d) Bhí easpa soiléireachta sa chumarsáid (i scríbhinn agus ó bhéal) idir na páirtithe.

Ní an cás soiléir, agus mar iarracht le bheith cóir don dá pháirtí, bheartaigh an tOmbudsman go roinnfí an difríocht idir an dá luach aistrithe a roinnt go cothrom idir na páirtithe. Seasamh leis an ngearán seo i bpáirt.

Staidéar ar Chás 18: Árachas Peata (Seasamh Leis)

Ar 3 Meitheamh 2006 thosaigh an Gearánaí Polasaí Árachas Peata dá Rottweiler; stróic an madra a ballnasc croiseach dheis i mí na Samhna 2009. Níos mó ná 3 bliana roimhe sin, i mí Mheithimh 2006, sa chéad 14 lá den pholasaí, bhí an ballnasc croiseach clé gortaithe ag an madra, ach ní raibh aon deacracht ann idir an dá eachtra.

Dhiúltaigh an Chuideachta éileamh an Ghearánaí ar shochar ar an mbonn go raibh baint ag bacadaíl chos deiridh deis an mhadra leis an "ngalar croiseach" a dúirt an Chuideachta a thosaigh i mí Mheithimh 2006. Rinne an Chuideachta tagairt don fhoráil pholasaí a dúirt nach gcuirfí clúdach ar fáil le haghaidh:

63

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

*"Aon tinneas atá mar an gcéanna le, nó leis an diagnóis nó na comharthaí cliniciúla céanna le tinneas a léirigh comharthaí cliniciúla a tugadh faoi deara laistigh de 14 lá ón uair a thosaigh clúdach do pheata, gar aird ar cén áit, i gcolainn do pheata nó ar an gcolainn, ar tugadh na comharthaí cliniciúla faoi deara ar dtús".*

D'áitigh an Chuideachta, mar go bhfuarthas an gortú ballnaisc croiseach clé laistigh den 14 lá a luaitear i gclásail an pholasaí, agus go raibh baint ag bacaí-na coise deiridh deise leis an eachtra roimhe sin, ar an drochuair nach bhféadfaí aon chlúdach a chur ar fáil le haghaidh madra an Ghearánaí.

Theastaigh ón gCuideachta a sheasamh a chosaint chomh maith, ar bhonn staidéar áirithe a thugann le fios "gur comhartha é stróiceadh ballnasc croiseach de ghalar ainsealach meathlúcháin sa siúnta múchta sa mhadra agus riocht déthaobhach a théann i bhfeidhm ar an dá ghéag. Bíonn líon an-bheag de stróiceadh croiseach le feiceáil in ainmnithe a d'fhulaing géarghortú trámach, ar nós i dtimpiste tráchta. Sna cásanna seo, ní bhíonn aon athrú oisté-airtríteas i láthair sa siúnta agus ní bheifí ag súil leis an riocht a fheiceáil sa chois eile. ".

Tar éis cuid mhaith ama a chaitheamh ag breithniú na fianaise, ba é dearcadh an Ombudsman go raibh tuairim na Cuideachta bunaithe go mícheart ar bhonn na faisnéise agus na bhfoirmeacha a bhí comhlánaithe ag na tréidlianna ábhartha, go raibh an dá ghortú "cosúil" nó "gaolta". Ba é dearcadh an Ombudsman nach raibh an dóigh ar cuireadh an cheist 3-bhealach soiléir ar dhóigh ar bith agus leis an spás a fágadh ar an bhfoirm go bhféadfadh an freagra baint le haon chuid den cheist a cuireadh. Ní raibh an tOmbudsman sásta leis an gcaoi ar dréachtadh an cheist, ag úsáid foclaíocht nach raibh mar an gcéanna leis an bhfoclaíocht sa choinníoll ábhartha den pholasaí, agus gur theip air a fhiafraí go sonrach an raibh an gortú a bhí á éileamh "ag eascairt as nó gaolmhar le nó ag teacht as" stair an ainmhí.

Luaigh an tOmbudsman nár thaispeáin na nótaí míochaine ó 2006 réamhdhiagnóis de stróiceadh ballnaisc croiseach ag an am. Ba é a dhearcadh go raibh meascán déanta ag an gCuideachta idir réamhchlaonadh glactha i leith gortú sa bhallnasc croiseach i bpóir áirithe agus fianaise shonrach, nó easpa fianaise, faoi réamhdhiagnóis stróiceadh croiseach i 2006. Chinn an tOmbudsman go raibh sé ródhian mar léirmhíniú ar fhorálacha an pholasaí éileamh an Ghearánaí maidir le gortú dá madra a dhiúltú i mí na Samhna 2009, mar gheall ar thagairt sna nótaí míochaine do "scaoilteacht bheag" sa chos eile 3 bliana go leith níos déanaí (a leigheasadh gan idirghabháli). Sheas an tOmbudsman leis an ngearán agus d'ordaigh sé go n'admhófaí an t-éileamh agus go measfaí le haghaidh íocaíochta é ar an ngnáthbhealach.

### Staidéar ar Chás 19: Infheistíocht Maoine (Seasamh Leis)

Bhain an gearán le díol infheistíochta a bhí bunaithe ar mhaoin. Ba é sunstaint an ghearáin go ndearna an Chuideachta mídhíol infheistíochta leis an Sealbhóir polasaí mar gheall ar a haois (73 bliana) agus a riocht (drochshláinte).

Ba iad na saincheisteanna a bhí le himscrúdú agus le breithiúnú: (i) an mídhíol a rinneadh ar an infheistíocht maoine agus (ii) ar dheileáil an Chuideachta i gceart leis an ngearán nuair a díríodh a n-aird air.

Thaispeáin an fhianaise cáipéise nach táirge faoi bharántas a bhí sa táirge infheistíochta agus dá bhrí sin go raibh a luach faoi réir ag éirí agus titim an mhargaidh. Chinn an tOmbudsman go raibh sé seo soiléir sa bhfaisnéis a cuireadh ar fáil don Ghearánaí. Tá sé de dhualgas ar shealbhóirí polasaí am a ghlacadh leis an pholasaí agus an doiciméadúchán tacaíochta a léamh, le haird ar a gcuid riachtanas, a gcuspóirí agus a bhfeagrachtaí. Bhí an tOmbudsman den tuairim áfach, in ainneoin chomh tábhachtach is atá doiciméadúchán an pholasaí agus an t-ábhar atá ann, nach mór don phróiseas díolacháin a bheith folláin freisin.



*"Aon tinneas atá mar an gcéanna le, nó leis an diagnóis nó na comharthaí cliniciúla céanna le tinneas a léirigh comharthaí cliniciúla a tugadh faoi deara laistigh de 14 lá ón uair a thosaigh clúdach do pheata, gar aird ar cén áit, i gcolainn do pheata nó ar an gcolainn, ar tugadh na comharthaí cliniciúla faoi deara ar dtús".*

D'áitigh an Chuideachta, mar go bhfuarthas an gortú ballnaisc croiseach clé laistigh den 14 lá a luaitear i gclásail an pholasaí, agus go raibh baint ag bacaí-na coise deiridh deise leis an eachtra roimhe sin, ar an drochuair nach bhféadfaí aon chlúdach a chur ar fáil le haghaidh madra an Ghearánaí.

Theastaigh ón gCuideachta a sheasamh a chosaint chomh maith, ar bhonn staidéar áirithe a thugann le fios "gur comhartha é stróiceadh ballnasc croiseach de ghalar ainsealach meathlúcháin sa siúnta múchta sa mhadra agus riocht déthaobhach a théann i bhfeidhm ar an dá ghéag. Bíonn líon an-bheag de stróiceadh croiseach le feiceáil in ainmnithe a d'fhulaing géarghortú trámach, ar nós i dtimpiste tráchta. Sna cásanna seo, ní bhíonn aon athrú oisté-airtríteas i láthair sa siúnta agus ní bheifí ag súil leis an riocht a fheiceáil sa chois eile. ".

Tar éis cuid mhaith ama a chaitheamh ag breithniú na fianaise, ba é dearcadh an Ombudsman go raibh tuairim na Cuideachta bunaithe go mícheart ar bhonn na faisnéise agus na bhfoirmeacha a bhí comhlánaithe ag na tréidlianna ábhartha, go raibh an dá ghortú "cosúil" nó "gaolta". Ba é dearcadh an Ombudsman nach raibh an dóigh ar cuireadh an cheist 3-bhealach soiléir ar dhóigh ar bith agus leis an spás a fágadh ar an bhfoirm go bhféadfadh an freagra baint le haon chuid den cheist a cuireadh. Ní raibh an tOmbudsman sásta leis an gcaoi ar dréachtadh an cheist, ag úsáid foclaíocht nach raibh mar an gcéanna leis an bhfoclaíocht sa choinníoll ábhartha den pholasaí, agus gur theip air a fhiafraí go sonrach an raibh an gortú a bhí á éileamh "ag eascairt as nó gaolmhar le nó ag teacht as" stair an ainmhí.

Luaigh an tOmbudsman nár thaispeáin na nótaí míochaine ó 2006 réamhdhiagnóis de stróiceadh ballnaisc croiseach ag an am. Ba é a dhearcadh go raibh meascán déanta ag an gCuideachta idir réamhchlaonadh glactha i leith gortú sa bhallnasc croiseach i bpóir áirithe agus fianaise shonrach, nó easpa fianaise, faoi réamhdhiagnóis stróiceadh croiseach i 2006. Chinn an tOmbudsman go raibh sé ródhian mar léirmhíniú ar fhorálacha an pholasaí éileamh an Ghearánaí maidir le gortú dá madra a dhiúltú i mí na Samhna 2009, mar gheall ar thagairt sna nótaí míochaine do "scaoilteacht bheag" sa chos eile 3 bliana go leith níos déanaí (a leigheasadh gan idirghabháli). Sheas an tOmbudsman leis an ngearán agus d'ordaigh sé go n'admhófaí an t-éileamh agus go measfaí le haghaidh íocaíochta é ar an ngnáthbhealach.

### Staidéar ar Chás 19: Infheistíocht Maoine (Seasamh Leis)

Bhain an gearán le díol infheistíochta a bhí bunaithe ar mhaoin. Ba é sunstaint an ghearáin go ndearna an Chuideachta mídhíol infheistíochta leis an Sealbhóir polasaí mar gheall ar a haois (73 bliana) agus a riocht (drochshláinte).

Ba iad na saincheisteanna a bhí le himscrúdú agus le breithiúnú: (i) an mídhíol a rinneadh ar an infheistíocht maoine agus (ii) ar dheileáil an Chuideachta i gceart leis an ngearán nuair a díríodh a n-aird air.

Thaispeáin an fhianaise cáipéise nach táirge faoi bharántas a bhí sa táirge infheistíochta agus dá bhrí sin go raibh a luach faoi réir ag éirí agus titim an mhargaidh. Chinn an tOmbudsman go raibh sé seo soiléir sa bhfaisnéis a cuireadh ar fáil don Ghearánaí. Tá sé de dhualgas ar shealbhóirí polasaí am a ghlacadh leis an pholasaí agus an doiciméadúchán tacaíochta a léamh, le haird ar a gcuid riachtanas, a gcuspóirí agus a bhfeagrachtaí. Bhí an tOmbudsman den tuairim áfach, in ainneoin chomh tábhachtach is atá doiciméadúchán an pholasaí agus an t-ábhar atá ann, nach mór don phróiseas díolacháin a bheith folláin freisin.

64

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

Tá an soláthróir airgeadais freagrach as a chinntiú, a oiread is féidir, go bhfuil na táirgí agus na seirbhísí a thairgíonn sé oiriúnach do riachtanais an tsealbhóir polasaí. Tá dualgas air chomh maith príomhghnéithe na dtáirgí agus na seirbhísí atá á dtairiscint aige a mhíniú. Ní raibh sé sásta go ndearnadh gach a bhféadfaí leis an díolachán seo an oiread agus ba fhéidir.

Bhí na gnéithe seo a leanas ina n-údar imní ag an Ombudsman agus dar leis gur thuill an Gearánaí go ndéanfaí cinneadh ina fabhar mar gheall orthu:

— Ní raibh aon rud ar taifead a thabharfadh le fios gur tugadh comhairle chomparáideach nó mhionsonraithe don Ghearánaí, faoin táirge barántaithe a bhí aici cheana a choinneáil nó táirge de chineál cosúil leis a fháil seachas infheistíochta dhéanamh san Infheistíocht Maoine.
— Ní raibh go leor fianaise ann faoin gcomhairle maidir le héagsúlú ciste ag céim thosaigh na hinfheistíochta nó nuair a léirigh an Gearánaí imní níos déanaí faoi luach an Chiste Maoine a bheith ag titim. Níor tugadh aon rogha malartach nuair a chéadléirigh an Gearánaí a himní.
— Ar an Athbhreithniú Airgeadais, d'iontráil an Gníomhaire an rogha ciste mar 100% éagsúlaithe ach sa bhosca saor téacs chomhairligh sé go raibh an custaiméir ag infheistiú 100% i Maoin. Ba léir an chontrárthacht anseo agus an dóchúlacht go gcuirfí an sealbhóir polasaí ar mhíthreoir.
— Cé nár roghnaigh sí na hinfheistíochtaí a mhol an Comhairleoir di, ní raibh dearcadh an Ghearánaí i leith riosca athraithe ar an bhfoirm athbhreithnithe. Cinneadh gur cheart níos mó faisnéise mionsonraithe a chur ar fáil don Ghearánaí ag an gcéim seo le béim a chur ar an tionchar a bheadh ag an athrú a bhí á mholadh ag an gComhairleoir ar na rioscaí a bhí ann di. Ba cheart níos mó airde a dhíriú ar an bhféidearthacht go mbeadh caillteanais níos mó ar a suim tosaigh caipitiúil mura bhfeidhmeodh an infheistíocht mar atá á thabhair nó á thabhairt le fios.
— Ghlac an Chuideachta leis gur theip orthu an Litir Freagra Deiridh a chur laistigh den tráth 25 lá agus gabhadh leithscéal mar gheall air seo.
— Níor thug an Chuideachta le tuiscint gur thairg siad an rogha go mbeadh duine éigin eile i láthair ag an gcruinniú infheistíochta agus dheimhnigh an Chuideachta nár tairgeadh an rogha seo. Ar a laghad, mheas an tOmbudsman gur cheart an rogha sin a thairiscint.
— Measadh gur cheart go mbeadh sonraí éigin faoina raibh i gceist le hinfheistíocht i gciste maoine i gcomparáid le cineálacha eile infheistíochta ar fáil sa doiciméadúchán díolacháin, ach ní raibh. Bheadh tréimhse feithimh 6 mhí le haghaidh scor ón gciste san áireamh mar fhéidearthacht. Nuair nach raibh an fhaisnéis seo ann bhí aon dearbhú ón gCuideachta gur míníodh na hábhair seo go mion lagaithe.
— Cinneadh nach raibh mórán sonraí san Athbhreithniú Airgeadais faoi aon mhíniú a thug an Comhairleoir Airgeadais maidir leis na sochair a bhain le hinfheistiú sna táirgí molta don Ghearánaí seachas infheistíochtaí eile agus nuair nach raibh aon fhianaise ann gur pléadh a leithéid d'fhaisnéis, ní raibh an tOmbudsman sásta go mbeadh duine gan mórán taithí ar infheistíocht in ann cinneadh eolasach a dhéanamh faoin infheistíocht ba cheart a roghnú.
— Ar athbhreithniú a dhéanamh ar litreacha an Ghearánaí (ag tabhairt léargais ar a cúinsí i. Go raibh tinneas báis uirthi), ghlac an Chuideachta leis gur cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le fáil amach ar ghá di leas a bhaint as 'comhairle' seachas an íocaíocht uathoibríoch ioncaim a dhéanfaí gach bliain, agus í ag fanacht ar an tréimhse fógra sé mhí críochnú.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás, bhraith an Chuideachta gur bhain soghontacht áirithe leis an nGearánaí mar gheall ar a haois agus cé go raibh siad sásta go raibh comhairle curtha ag an gComhairleoir uirthi faoi na táirgí cosanta caipitiúla nár bhain leibhéal riosca leo agus gur chuir sé fainic uirthi gur bhain leibhéal riosca leis an mhaoin, thairg siad an bhuninfheistíocht a aisíoc léi, lúide aon aistarraingt a bhí déanta. Thairg an Chuideachta chomh maith méid bhreise airgid a chur ar fáil a bheadh tuillte ag an nGearánaí dá mbeadh an infheistíocht déanta i gciste slán aici.



Tá an soláthróir airgeadais freagrach as a chinntiú, a oiread is féidir, go bhfuil na táirgí agus na seirbhísí a thairgíonn sé oiriúnach do riachtanais an tsealbhóir polasaí. Tá dualgas air chomh maith príomhghnéithe na dtáirgí agus na seirbhísí atá á dtairiscint aige a mhíniú. Ní raibh sé sásta go ndearnadh gach a bhféadfaí leis an díolachán seo an oiread agus ba fhéidir.

Bhí na gnéithe seo a leanas ina n-údar imní ag an Ombudsman agus dar leis gur thuill an Gearánaí go ndéanfaí cinneadh ina fabhar mar gheall orthu:

— Ní raibh aon rud ar taifead a thabharfadh le fios gur tugadh comhairle chomparáideach nó mhionsonraithe don Ghearánaí, faoin táirge barántaithe a bhí aici cheana a choinneáil nó táirge de chineál cosúil leis a fháil seachas infheistíochta dhéanamh san Infheistíocht Maoine.
— Ní raibh go leor fianaise ann faoin gcomhairle maidir le héagsúlú ciste ag céim thosaigh na hinfheistíochta nó nuair a léirigh an Gearánaí imní níos déanaí faoi luach an Chiste Maoine a bheith ag titim. Níor tugadh aon rogha malartach nuair a chéadléirigh an Gearánaí a himní.
— Ar an Athbhreithniú Airgeadais, d'iontráil an Gníomhaire an rogha ciste mar 100% éagsúlaithe ach sa bhosca saor téacs chomhairligh sé go raibh an custaiméir ag infheistiú 100% i Maoin. Ba léir an chontrárthacht anseo agus an dóchúlacht go gcuirfí an sealbhóir polasaí ar mhíthreoir.
— Cé nár roghnaigh sí na hinfheistíochtaí a mhol an Comhairleoir di, ní raibh dearcadh an Ghearánaí i leith riosca athraithe ar an bhfoirm athbhreithnithe. Cinneadh gur cheart níos mó faisnéise mionsonraithe a chur ar fáil don Ghearánaí ag an gcéim seo le béim a chur ar an tionchar a bheadh ag an athrú a bhí á mholadh ag an gComhairleoir ar na rioscaí a bhí ann di. Ba cheart níos mó airde a dhíriú ar an bhféidearthacht go mbeadh caillteanais níos mó ar a suim tosaigh caipitiúil mura bhfeidhmeodh an infheistíocht mar atá á thabhair nó á thabhairt le fios.
— Ghlac an Chuideachta leis gur theip orthu an Litir Freagra Deiridh a chur laistigh den tráth 25 lá agus gabhadh leithscéal mar gheall air seo.
— Níor thug an Chuideachta le tuiscint gur thairg siad an rogha go mbeadh duine éigin eile i láthair ag an gcruinniú infheistíochta agus dheimhnigh an Chuideachta nár tairgeadh an rogha seo. Ar a laghad, mheas an tOmbudsman gur cheart an rogha sin a thairiscint.
— Measadh gur cheart go mbeadh sonraí éigin faoina raibh i gceist le hinfheistíocht i gciste maoine i gcomparáid le cineálacha eile infheistíochta ar fáil sa doiciméadúchán díolacháin, ach ní raibh. Bheadh tréimhse feithimh 6 mhí le haghaidh scor ón gciste san áireamh mar fhéidearthacht. Nuair nach raibh an fhaisnéis seo ann bhí aon dearbhú ón gCuideachta gur míníodh na hábhair seo go mion lagaithe.
— Cinneadh nach raibh mórán sonraí san Athbhreithniú Airgeadais faoi aon mhíniú a thug an Comhairleoir Airgeadais maidir leis na sochair a bhain le hinfheistiú sna táirgí molta don Ghearánaí seachas infheistíochtaí eile agus nuair nach raibh aon fhianaise ann gur pléadh a leithéid d'fhaisnéis, ní raibh an tOmbudsman sásta go mbeadh duine gan mórán taithí ar infheistíocht in ann cinneadh eolasach a dhéanamh faoin infheistíocht ba cheart a roghnú.
— Ar athbhreithniú a dhéanamh ar litreacha an Ghearánaí (ag tabhairt léargais ar a cúinsí i. Go raibh tinneas báis uirthi), ghlac an Chuideachta leis gur cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le fáil amach ar ghá di leas a bhaint as 'comhairle' seachas an íocaíocht uathoibríoch ioncaim a dhéanfaí gach bliain, agus í ag fanacht ar an tréimhse fógra sé mhí críochnú.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás, bhraith an Chuideachta gur bhain soghontacht áirithe leis an nGearánaí mar gheall ar a haois agus cé go raibh siad sásta go raibh comhairle curtha ag an gComhairleoir uirthi faoi na táirgí cosanta caipitiúla nár bhain leibhéal riosca leo agus gur chuir sé fainic uirthi gur bhain leibhéal riosca leis an mhaoin, thairg siad an bhuninfheistíocht a aisíoc léi, lúide aon aistarraingt a bhí déanta. Thairg an Chuideachta chomh maith méid bhreise airgid a chur ar fáil a bheadh tuillte ag an nGearánaí dá mbeadh an infheistíocht déanta i gciste slán aici.

65

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

Mar fhocal scoir agus bunaithe ar na pointí atá imlínithe thuas, chinn an tOmbudsman go bhféadfaí comhairle níos fearr a chur ar an nGearánaí ag an bpointe díola faoin infheistíochta a bhí á dhéanamh aici. Cé go raibh nádúr agus oibriú na hinfheistíochta mínithe sa doiciméadúchán a cuireadh ar fáil, ní raibh an tOmbudsman sásta go raibh míniú iomlán tugtha faoin táirge ó bhéal ag an bpointe díola. Chinn sé chomh maith go bhféadfaí tuairim an Chomhairleora faoi neamhoiriúnacht an mheascán táirgí a roghnaíodh a thabhairt ar bhealach níos fearr don Ghearánaí (.i. Dúradh nár mhol sé infheistíocht 100% i maoin, ach gur mhol sé go scoiltfí an infheistíocht idir 75% maoin / 25% cothromas).

Cé nach bac í an aois mhór ar infheistíochtaí mar sin agus cé cur chóir ómós a thabhairt i gcónaí do neamhspleáchas duine atá folláin in intinn agus i gcolainn lena gcinnte féin a dhéanamh, mheas an tOmbudsman gur mhaith an rud é a mholadh go discréideach don sealbhóir polasaí go mbeadh duine eile ina cuideachta agus cinntí chomh tábhachtach á ndéanamh aici.

I bhfianaise an iomláin atá thuas, cinneadh seasamh leis an ngearán agus ordaíodh don Chuideachta an bhuninfheistíocht a aisíoc, lúide aon aistarraingt a bhí déanta, chomh maith leis an tsuim bhreise airgid a bheadh tuillte aici in infheistíocht shlán. Ordaíodh don Chuideachta chomh maith suim chúiteach bhreise de €2,500 a íoc. Bronnadh an tsuim seo go háirithe mar gheall ar theip na Cuideachta nuair a díríodh a n-aird ar an ábhar ar dtús agus nuair a comhairlíodh dóibh go raibh tinneas an bháis ar an nGearánaí.

## Staidéar ar Chás 20: Árthach Fóillíochta (Níor Seasamh Leis)

Ba é an gearán sa chás seo gur dhiúltaigh an Soláthróir go héagóireach éileamh an Ghearánaí a réiteach faoina polasaí árachais le haghaidh damáiste uisce d'inneal a bád luais mar gheall ar bhailiú uisce báistí. Bhí an t-éileamh diúltaithe ag an Soláthróir ar an mbonn gur sháraigh an Gearánaí coinníollacha an pholasaí nuair a theip uirthi na dalláin draenála a bhaint amach nuair a tógadh an t-árthach as an uisce.

Bhí sé ina choinníoll i bpolasaí an Ghearánaí nach gcuirfeadh an Soláthróir slánaíocht ar fáil ach má bhí gach céim réasúnta glactha ag an árachaí chun an bád agus a fhearas agus a threalamh go léir a chosaint ó chaillteanas agus damáiste. Bhí tús áite ag comhlíonadh an árachaí ar an gcoinníoll ghinearálta seo a bhain le dualgas cúraim ar aon dliteanas de chuid an tSoláthróra.

D'áitigh an Gearánaí, sa gheimhreadh a bhí i gceist, gur stóráil sí a bád luais ar talamh ar leantóir bóthair faoi chlúdaigh cosanta agus gur scrúdaigh sé ansin é go rialta. Dar leis an nGearánaí, ní raibh aon choinníoll sa pholasaí go raibh sé éigeantach an dallán draenála a bhaint amach le linn stórála. D'iarr an Gearánaí réiteach iomlán ar a héileamh ar an mbonn go raibh gach céim réasúnta glactha aici leis an mbád a stóráil go sábháilte faoi chlúdach, leis an bhád a chosaint agus cailliúint a chosc.

Ní raibh ach tuarascáil amháin curtha isteach maidir le cúis, nádúr agus réimse an damáiste do bhád an Ghearánaí, ba é sin tuarascáil an chomhairleora muirí a scrúdaigh an bád luais damáistithe thar cheann an tSoláthróra. Luaigh an comhairleoir muirí "bhí dallán draenála de chineál scriú cré umha sa transam. Is ceart an dallán seo a bhaint amach nuair a ardaítear an t-árthach as an uisce mar go ligeann sé d'aon uisce báistí draenáil amach láithreach. Theip ar an árachaí cúis an chaillteanais a aithint mar seo a leanas: 'Níl ach aon chúis amháin fhéideartha ann don chaillteanas seo sa chás seo. Theip ar an árachaí a chinntiú go mbainfí an dallán draenála amach nuair a cuireadh an t-árthach i stór. Dá ndéanfaí é sin, ní bheadh an t-inneal faoi uisce mar gheall ar an fhadhb leis na clúdaigh ar ardú."

Nuair nach raibh aon tuarascáil eile ann a bhréagnódh cinneadh an chomhairleora faoi chúis an damáiste do bhád an Ghearánaí, ghlac an tOmbudsman leis an gcinneadh sin.

Ina dhiaidh sin, ba í an cheist a bhí réiteach ná ar fhág teip an Ghearánaí maidir leis an



Mar fhocal scoir agus bunaithe ar na pointí atá imlínithe thuas, chinn an tOmbudsman go bhféadfaí comhairle níos fearr a chur ar an nGearánaí ag an bpointe díola faoin infheistíochta a bhí á dhéanamh aici. Cé go raibh nádúr agus oibriú na hinfheistíochta mínithe sa doiciméadúchán a cuireadh ar fáil, ní raibh an tOmbudsman sásta go raibh míniú iomlán tugtha faoin táirge ó bhéal ag an bpointe díola. Chinn sé chomh maith go bhféadfaí tuairim an Chomhairleora faoi neamhoiriúnacht an mheascán táirgí a roghnaíodh a thabhairt ar bhealach níos fearr don Ghearánaí (.i. Dúradh nár mhol sé infheistíocht 100% i maoin, ach gur mhol sé go scoiltfí an infheistíocht idir 75% maoin / 25% cothromas).

Cé nach bac í an aois mhór ar infheistíochtaí mar sin agus cé cur chóir ómós a thabhairt i gcónaí do neamhspleáchas duine atá folláin in intinn agus i gcolainn lena gcinnte féin a dhéanamh, mheas an tOmbudsman gur mhaith an rud é a mholadh go discréideach don sealbhóir polasaí go mbeadh duine eile ina cuideachta agus cinntí chomh tábhachtach á ndéanamh aici.

I bhfianaise an iomláin atá thuas, cinneadh seasamh leis an ngearán agus ordaíodh don Chuideachta an bhuninfheistíocht a aisíoc, lúide aon aistarraingt a bhí déanta, chomh maith leis an tsuim bhreise airgid a bheadh tuillte aici in infheistíocht shlán. Ordaíodh don Chuideachta chomh maith suim chúiteach bhreise de €2,500 a íoc. Bronnadh an tsuim seo go háirithe mar gheall ar theip na Cuideachta nuair a díríodh a n-aird ar an ábhar ar dtús agus nuair a comhairlíodh dóibh go raibh tinneas an bháis ar an nGearánaí.

Staidéar ar Chás 20: Árthach Fóillíochta (Níor Seasamh Leis)

Ba é an gearán sa chás seo gur dhiúltaigh an Soláthróir go héagóireach éileamh an Ghearánaí a réiteach faoina polasaí árachais le haghaidh damáiste uisce d'inneal a bád luais mar gheall ar bhailiú uisce báistí. Bhí an t-éileamh diúltaithe ag an Soláthróir ar an mbonn gur sháraigh an Gearánaí coinníollacha an pholasaí nuair a theip uirthi na dalláin draenála a bhaint amach nuair a tógadh an t-árthach as an uisce.

Bhí sé ina choinníoll i bpolasaí an Ghearánaí nach gcuirfeadh an Soláthróir slánaíocht ar fáil ach má bhí gach céim réasúnta glactha ag an árachaí chun an bád agus a fhearas agus a threalamh go léir a chosaint ó chaillteanas agus damáiste. Bhí tús áite ag comhlíonadh an árachaí ar an gcoinníoll ghinearálta seo a bhain le dualgas cúraim ar aon dliteanas de chuid an tSoláthróra.

D'áitigh an Gearánaí, sa gheimhreadh a bhí i gceist, gur stóráil sí a bád luais ar talamh ar leantóir bóthair faoi chlúdaigh cosanta agus gur scrúdaigh sé ansin é go rialta. Dar leis an nGearánaí, ní raibh aon choinníoll sa pholasaí go raibh sé éigeantach an dallán draenála a bhaint amach le linn stórála. D'iarr an Gearánaí réiteach iomlán ar a héileamh ar an mbonn go raibh gach céim réasúnta glactha aici leis an mbád a stóráil go sábháilte faoi chlúdach, leis an bhád a chosaint agus cailliúint a chosc.

Ní raibh ach tuarascáil amháin curtha isteach maidir le cúis, nádúr agus réimse an damáiste do bhád an Ghearánaí, ba é sin tuarascáil an chomhairleora muirí a scrúdaigh an bád luais damáistithe thar cheann an tSoláthróra. Luaigh an comhairleoir muirí "bhí dallán draenála de chineál scriú cré umha sa transam. Is ceart an dallán seo a bhaint amach nuair a ardaítear an t-árthach as an uisce mar go ligeann sé d'aon uisce báistí draenáil amach láithreach. Theip ar an árachaí cúis an chaillteanais a aithint mar seo a leanas: 'Níl ach aon chúis amháin fhéideartha ann don chaillteanas seo sa chás seo. Theip ar an árachaí a chinntiú go mbainfí an dallán draenála amach nuair a cuireadh an t-árthach i stór. Dá ndéanfaí é sin, ní bheadh an t-inneal faoi uisce mar gheall ar an fhadhb leis na clúdaigh ar ardú."

Nuair nach raibh aon tuarascáil eile ann a bhréagnódh cinneadh an chomhairleora faoi chúis an damáiste do bhád an Ghearánaí, ghlac an tOmbudsman leis an gcinneadh sin.

Ina dhiaidh sin, ba í an cheist a bhí réiteach ná ar fhág teip an Ghearánaí maidir leis an

66

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

dallán draenála a bhaint amach nuair a cuireadh an t-árthach i stór go bhféadfaí a thuar go dtarlódh an damáiste a raibh an gearán faoi? Ba é a thuairim gur mhéadaigh teip an Ghearánaí an dallán draenála a bhaint amach an riosca go bhfulaingeodh an t-árthach a bhí faoi árachas damáiste uisce báistí i gcás go mbainfí na ceangail de na clúdaigh ar aon chúis.

Dá réir sin, chinn sé nach raibh gach céim réasúnta glactha ag an nGearánaí lena maoin a chosaint ó chailteanas nó damáiste agus ar an mbonn sin go raibh an Soláthróir i dteideal dlisteanacht a dhiúltú don éileamh. Ar an gcúis sin níor seasamh leis an ngearán.

## Staidéar ar Chás 21: Árachas Sláinte (Seasamh Leis)

Bhí polasaí ag bean a raibh ailse phutóige aici le soláthróir cúram sláinte. Roimhe sin bhí obráid máinliachta aici dá fadhbanna leighis agus 18 mí ina dhiaidh sin d'iarr a lia comhairleach uirthi dul faoi scanadh Pet-CT. Nuair a rinne an Gearánaí iarracht sochar a fháil ón soláthróir cúram sláinte le haghaidh costas an scanadh diúltaíodh an t-éileamh ar an mbonn gur theip ar an éileamh critéir an pholasaí a shásamh.

Ina fhreagra ar imscrúdú an Ombudsman rinne an soláthróir cúram sláinte iarracht brath ar shonraí ón National Comprehensive Cancer Network a léiríonn nach moltar scanadh PET-CT de ghnáth.

Nuair a mheas an tOmbudsman téarmaí an pholasaí luaigh sé gurb é a lia comhairleach a mhol an scanadh don sealbhóir polasaí, gur eagraigh sí go ndéanfaí an nós imeachta in ionad faofa agus gurb é an fáth a tugadh ina Foirm Éilimh don scanadh ná "athchéimniú ailse colaireicteach"; sonraíodh i Sceideal Sochar an pholasaí go soláthraítear scanadh PET-CT le haghaidh "diagnóis, céimniú nó athchéimniú ailse cholaireicteach".

Thug an tOmbudsman faoi deara gur dúradh i meabhráin inmheánacha an tsoláthróir cúram sláinte nach raibh aon fhianaise ann go raibh an ailse ar ais agus nár shásaigh an t-éileamh na critéir dá bhrí sin. Chuir an tOmbudsman muinín i litir óna Lia Comhairleach áfach inar míníodh go raibh scanadh ag teastáil mar gur ailse ardriosca a bhí ann, go raibh sé nód-dhearfa agus go raibh ceimiteiripe ag teastáil. Chomh maith leis sin, mar gheall ar líon na gcist in ae an Ghearánaí, d'aontaigh an Fhoireann Ildisciplineach go dtabharfadh scanadh PET suaimhneas. Leis an sochar a bhain leis an scanadh a dhéanamh, dúirt an Lia Comhairleach chomh maith nach bhfaighfí amach faoi dhá mhínormáltacht mura ndéanfaí an scanadh a bhí i gceist; ba í tuairim an tosláthróir cúram sláinte go n-aithneofaí na mínormáltachtaí seo le scanadh CT.

Nuair a mheas an tOmbudsman an cás, thug sé faoi deara go raibh sé soiléir ón liosta cúinsí a raibh an soláthróir cúram sláinte ag brath air le sochar a chur ar fáil le haghaidh scanadh PET-CT, go soláthrófaí sochar nuair a measadh nár leor gnáthfhiosrúchán le haghaidh bainistiú cliniciúil an othair. Luaigh sé gur dhúirt an soláthróir cúram sláinte nár sásaíodh an gné seo sa chás seo.

Ba é dearcadh an Ombudsman go raibh cur chuige an tsoláthróir cúram sláinte míréasúnta sa mheasúnú a rinneadh ar iarratas an Ghearánaí ar réamh-fhaomhadh don sochar. Dar leis ba chuma an raibh de réirr gnáthaimh scanadh PET a dhéanamh sna ccúinsí seo. Ba é an rud ba thábhachtaí ná gurb é dearcadh an Lia Comhairleach a bhí i mbun cóireála agus na Foirne Ildisciílineach go raibh scanadh PET barántaithe sna cúinsí áirithe seo. Sheas sé leis an ngearán agus d'ordaigh sé go ndéanfaí an íocaíocht ina iomláine móide sochar cúiteach breise de €700.



dallán draenála a bhaint amach nuair a cuireadh an t-árthach i stór go bhféadfaí a thuar go dtarlódh an damáiste a raibh an gearán faoi? Ba é a thuairim gur mhéadaigh teip an Ghearánaí an dallán draenála a bhaint amach an riosca go bhfulaingeodh an t-árthach a bhí faoi árachas damáiste uisce báistí i gcás go mbainfí na ceangail de na clúdaigh ar aon chúis.

Dá réir sin, chinn sé nach raibh gach céim réasúnta glactha ag an nGearánaí lena maoin a chosaint ó chailteanas nó damáiste agus ar an mbonn sin go raibh an Soláthróir i dteideal dlisteanacht a dhiúltú don éileamh. Ar an gcúis sin níor seasamh leis an ngearán.

Staidéar ar Chás 21: Árachas Sláinte (Seasamh Leis)

Bhí polasaí ag bean a raibh ailse phutóige aici le soláthróir cúram sláinte. Roimhe sin bhí obráid máinliachta aici dá fadhbanna leighis agus 18 mí ina dhiaidh sin d'iarr a lia comhairleach uirthi dul faoi scanadh Pet-CT. Nuair a rinne an Gearánaí iarracht sochar a fháil ón soláthróir cúram sláinte le haghaidh costas an scanadh diúltaíodh an t-éileamh ar an mbonn gur theip ar an éileamh critéir an pholasaí a shásamh.

Ina fhreagra ar imscrúdú an Ombudsman rinne an soláthróir cúram sláinte iarracht brath ar shonraí ón National Comprehensive Cancer Network a léiríonn nach moltar scanadh PET-CT de ghnáth.

Nuair a mheas an tOmbudsman téarmaí an pholasaí luaigh sé gurb é a lia comhairleach a mhol an scanadh don sealbhóir polasaí, gur eagraigh sí go ndéanfaí an nós imeachta in ionad faofa agus gurb é an fáth a tugadh ina Foirm Éilimh don scanadh ná "athchéimniú ailse colaireicteach"; sonraíodh i Sceideal Sochar an pholasaí go soláthraítear scanadh PET-CT le haghaidh "diagnóis, céimniú nó athchéimniú ailse cholaireicteach".

Thug an tOmbudsman faoi deara gur dúradh i meabhráin inmheánacha an tsoláthróir cúram sláinte nach raibh aon fhianaise ann go raibh an ailse ar ais agus nár shásaigh an t-éileamh na critéir dá bhrí sin. Chuir an tOmbudsman muinín i litir óna Lia Comhairleach áfach inar míníodh go raibh scanadh ag teastáil mar gur ailse ardriosca a bhí ann, go raibh sé nód-dhearfa agus go raibh ceimiteiripe ag teastáil. Chomh maith leis sin, mar gheall ar líon na gcist in ae an Ghearánaí, d'aontaigh an Fhoireann Ildisciplineach go dtabharfadh scanadh PET suaimhneas. Leis an sochar a bhain leis an scanadh a dhéanamh, dúirt an Lia Comhairleach chomh maith nach bhfaighfí amach faoi dhá mhínormáltacht mura ndéanfaí an scanadh a bhí i gceist; ba í tuairim an tosláthróir cúram sláinte go n-aithneofaí na mínormáltachtaí seo le scanadh CT.

Nuair a mheas an tOmbudsman an cás, thug sé faoi deara go raibh sé soiléir ón liosta cúinsí a raibh an soláthróir cúram sláinte ag brath air le sochar a chur ar fáil le haghaidh scanadh PET-CT, go soláthrófaí sochar nuair a measadh nár leor gnáthfhiosrúchán le haghaidh bainistiú cliniciúil an othair. Luaigh sé gur dhúirt an soláthróir cúram sláinte nár sásaíodh an gné seo sa chás seo.

Ba é dearcadh an Ombudsman go raibh cur chuige an tsoláthróir cúram sláinte míréasúnta sa mheasúnú a rinneadh ar iarratas an Ghearánaí ar réamh-fhaomhadh don sochar. Dar leis ba chuma an raibh de réirr gnáthaimh scanadh PET a dhéanamh sna ccúinsí seo. Ba é an rud ba thábhachtaí ná gurb é dearcadh an Lia Comhairleach a bhí i mbun cóireála agus na Foirne Ildisciílineach go raibh scanadh PET barántaithe sna cúinsí áirithe seo. Sheas sé leis an ngearán agus d'ordaigh sé go ndéanfaí an íocaíocht ina iomláine móide sochar cúiteach breise de €700.

67

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011

68
An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais Tuarascáil Bhliantúil 2011